Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

# Ráiteas Straitéise 2017-2020

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

tithiocht.gov.ie

# Clár Ábhar

Clár Ábhar ........ 2
Brollach ón Aire ........ 3
Réamhrá ón Ard-Rúnaí ........ 5
Ár Misean ........ 6
Tacú le Soláthar na Straitéisetroduction and Context ........ 7
Pleanáil ........ 16
Tithíocht ........ 20
Uisce ........ 29
Rialtas Áitiúil ........ 33
Met Éireann ........ 36
Dúshláin, Rioscaí agus Deiseanna ........ 40
AGUISÍNÍ ........ 41

# Brollach ón Aire



Is pribhléid dom a bheith ceaptha mar Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag Leo Varadkar TD, an Taoiseach, i mí an Mheithimh 2017. Bíonn tionchar tábhachtach sobhraite ar an-chuid den saol in Éirinn ag sainchúram fadréimseach na Roinne, rud a threoraítear leis an mbeartas Rialtais. Tá grúpa an-tiomnaithe státseirbhíseach ann sa Roinn. Is onóir dom iad a stiúradh de réir mar a chuirimid chun feidhme na beartais éagsúla a bhfuil ár straitéis fhoriomlán comhdhéanta díobh.

An phríomhthosaíocht atá ag an Rialtas agus ceann de na dúshláin is mó atá romhainn mar thír, dar liom, is ea an tithíocht agus an easpa dídine. Léiríonn cumraíocht nua na Roinne an tosaíocht sin: bíonn acmhainní na Roinne á n-úsáid chun soláthar an phlean Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine ón Rialtas a bhrú chun cinn go leanúnach.

A luaithe a ceapadh mé, rinne mé athbhreithniú ar ár bplean gníomhaíochta agus thionscain mé gníomhartha agus tosaíochtaí breise. I láthair na huaire, táimid ag brú sholáthar an phlean Atógáil Éireann chun cinn trí acmhainní tiomnaithe nua sa Roinn agus trínár sraith Cruinnithe Mullaigh maidir leis an Tithíocht. Rinneadh dul chun cinn seasta go dtí seo, ar lena linn a socraíodh sprioc nua um 50,000 teach sóisialta a sholáthar sa tréimhse go dtí an bhliain 2021 agus a méadaíodh an líon tithe a thógfar in aghaidh na bliana go 25,000 teach in aghaidh na bliana faoin mbliain 2020. Chun na spriocanna uaillmhianacha sin a bhaint amach, ní mór dúinn na próisis trína soláthraítear tithíocht a bhrostú - ní mór dúinn éifeachtúlacht a mhéadú chun na tithe a theastaíonn ó dhaoine a sholáthar sna háiteanna a dteastaíonn siad uathu agus déanamh amhlaidh ar phraghsanna réasúnta.

Rud eile a ndíreofar go sonrach air is ea cur chun feidhme a dhéanamh ar Thionscadal Éire 2040 agus ar an gCreat Náisiúnta Pleanála atá istigh ann, áit a bpléitear conas a fhásfaimid mar shochaí agus mar gheilleagar atá nua-aimseartha. Tá an Creat ina phlean spásúil fadtéarmach d’Éirinn ina n-aithnítear difríochtaí réigiúnacha agus ina dtugtar aird ar na láidreachtaí éagsúla atá ann. Cuirfear é go foirmiúil mar chreat ag barr ordlathas na bpleananna arb é is aidhm dóibh Pleananna Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, Pleananna Forbartha Contae agus Pleananna Limistéir Áitiúil a threorú ar feadh glúine. Chomh maith leis sin, tá sé ag teacht leis an bPlean Forbartha Náisiúnta deich mbliana chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht agus ionracas ann in infheistíochtaí sa todhchaí.

Is í an Roinn seo an Roinn Rialtais atá i gceannas ar an bhfreagairt d’éigeandálaí adhaimsire a chomhordú. Bhí dhá imeacht mhóra adhaimsire againn le déanaí, mar atá Stoirm Ophelia agus Stoirm Emma, agus leanfaimid le dul i mbun gnímh de réir mar is gá, lena n-áirítear cruinnithe de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a thionól chun sábháilteacht an phobail agus cosaint ár saoránach agus ár gcuairteoirí go léir a chinntiú le linn imeachtaí den chineál céanna a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí. Leanfaidh Met Éireann, an tseirbhís náisiúnta meitéareolaíochta, le seirbhísí réamhaisnéise a bheidh

tráthúil agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus le foláirimh agus rabhaidh aimsire atá dathchódaithe a chur ar fáil le haghaidh gach cineáil ghuaise aimsire. Ar ndóigh, ábhar imní leanúnach a bhíonn ag an Roinn seo is ea sábháilteacht na beatha agus caighdeáin i bhfoirgnimh. Tá an obair ina leith sin á stiúradh ag an Tascfhórsa a bunaíodh tar éis dhóiteán Thúr Grenfell.

Sa tréimhse atá díreach romhainn, déanfaidh an Roinn maoirseacht ar athbhreithniú ar theorainneacha toghlimistéar áitiúil, reachtaíocht a leagan síos le haghaidh shíneadh Chathair Chorcaí agus an réiteach struchtúrtha comhaontaithe a chur chun feidhme do Chathair agus Contae na Gaillimhe. Ó thaobh an toghchórais de, tá ullmhúcháin á ndéanamh le haghaidh reifrinn éagsúla a reáchtáil roimh dheireadh na bliana 2018 agus cuirfear tús le hullmhúcháin ar ball i dtaca leis na toghcháin áitiúla agus Eorpacha a bheidh ar siúl i mí an Mheithimh 2019.

Ina theannta sin, táthar ag leanúint le hobair a dhéanamh go tapa ar ár seirbhísí uisce a aistriú chuig fóntas poiblí náisiúnta aonair, mar atá Uisce Éireann, chun tuilleadh éifeachtúlachta a ghnóthú trí bharainneacht scála a bhaint amach, trí shamhlacha oibriúcháin chaighdeánaigh agus teicneolaíochtaí a úsáid agus trí fheidhmeanna a shannadh go cuí ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.  Ina theannta sin, tionólfar grúpa oibre ar ball chun athbhreithniú níos leithne a dhéanamh ar an infheistíocht a bheidh ag teastáil chun seirbhísí uisce tuaithe a fheabhsú agus a chothabháil.

Is cúis áthais dom go leagtar amach sa straitéis seo raon beart éagsúil a chuirfidh an Roinn ar aghaidh maidir lenár muirthimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú sa tréimhse atá romhainn, lena n-áirítear dul chun cinn a dhéanamh ar an mBille um an Limistéar Muirí agus Imeall Trá d’fhonn foráil a dhéanamh do chóras toilithe nua-aimseartha le haghaidh forbairt sa Limistéar Muirí. Tá sé beartaithe ag an Roinn obair a chur i gcrích faoi dheireadh na bliana 2020 ar an gcéad Phlean Spásúil Muirí de chuid na hÉireann riamh a fhorbairt. Beidh an Plean ar an gcreat náisiúnta le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe ár n-uiscí muirí.

Níl iontu sin ach samplaí dár gclár oibre an-leathan, cé gur samplaí tábhachtacha iad. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo plean oibre do na blianta atá le teacht, ar plean é lena gcumasófar don Roinn leanúint lena seirbhísí a sholáthar ar aon dul leis na gealltanais atá sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta. Is straitéis réamhbhreathnaitheach í lena gcuirtear lenár dtéarnamh náisiúnta agus lena leagtar bunsraitheanna daingne síos dá bhfuil i ndán dár saoránaigh go léir.

Táim ag súil le leanúint leis an obair sin i gcomhar leis an Aire Damien English, leis an Aire John Paul Phelan, le hoifigigh sa Roinn, le húdaráis áitiúla, le geallsealbhóirí agus le gníomhaireachtaí chun cuspóirí ár straitéise a chomhlíonadh le chéile.

**Eoghan Murphy T.D.**
**Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil**

# Réamhrá ón Ard-Rúnaí



Ag teacht sna sála ar athchumrú na Roinne i lár na bliana 2017 agus ar aistriú na bhfeidhmeanna gnóthaí pobail chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, ar Roinn nua í, táimid ag obair i gcomhpháirt lenár nAirí, lenár mbaill foirne agus le geallsealbhóirí tábhachtacha chun an *Ráiteas Straitéise* nua seo a fhorbairt i gcomhréir le ceanglais an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

Tá struchtúr an Ráitis Straitéise seo bunaithe ar spriocanna ardleibhéil nó straitéiseacha, agus sprioc amháin ag gabháil le gach ceann de phríomhréimsí cláir na Roinne. Leagtar amach ann na cuspóirí agus na gníomhartha a saothróidh an Roinn iad thar raon leathan feidhmeanna, lena n-áirítear tithíocht, pleanáil, uisce agus seirbhísí rialtais áitiúil, agus laistigh de Met Éireann.

De réir mar a bhreathnaímid ar aghaidh ar an tréimhse a chuimsítear leis an Ráiteas nua seo, príomhthosaíocht fós is ea dul i ngleic le géarchéim tithíochta na hÉireann. Tá an Roinn ag súil le leanúint leis an dlúthchomhar atá ar bun le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí tithíochta ceadaithe chun réitigh bhreise a shainaithint agus tacaí tithíochta sóisialta a mhéadú. Rud tábhachtach a mbeidh an Roinn ag díriú air gan mhoill is ea dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme *Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine*. Táimidne fíorthiomanta fós d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shuntasacha atá ann maidir le freastal ar riachtanais tithíochta ár saoránach.

Príomhthosaíocht eile de chuid na Roinne a bheidh i gCreat Náisiúnta Pleanála nua a sholáthar mar phlean straitéiseach d'Éirinn go dtí an bhliain 2040. Thionscadal Éire 2040 - An Creat Náisiúnta Pleanála, a dréachtaíodh tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne, beidh sé ar an gcreat náisiúnta uileghabhálach le haghaidh pleanáil spásúil agus bainfear leas as chun aghaidh a thabhairt ar threo forbartha ár gcathracha, ár mbailte agus ár gceantar tuaithe sa todhchaí.

Chomh maith leis sin, saothróimid go gníomhach sna trí bliana romhainn na spriocanna straitéiseacha atá ann i ngach ceann dár réimsí eile cláir agus leanfaimid ar aghaidh le seirbhís meitéareolaíochta den scoth a chur ar fáil.

Beidh cur chun feidhme rathúil an Ráitis Straitéise seo ag brath ar chomhar lenár gcomhpháirtithe seachtracha san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Beidh sé ag brath freisin ar na bearta atá á ndéanamh againn chun a chinntiú go mbeidh an acmhainn agus an cumas againn mar Roinn na dúshláin sin a shárú le leas an Stáit agus mhuintir na hÉireann. Chuige sin, leanfaidh an Roinn le tacaíocht láidir a thabhairt do thionscnaimh atá mar bhonn agus thaca ag forbairt an tsármhaitheasa sa státseirbhís, lena n-áirítear *Plean Athnuachana na Státseirbhíse agus an Straitéis do Dhaoine sa Státseirbhís 2017-2020*, rud a foilsíodh le déanaí.

In éineacht le mo chomhghleacaithe sa Roinn, táim ag tnúth le bheith ag obair le foireann an Aire agus leis an iomad comhpháirtithe atá againn chun an Ráiteas Straitéise seo a chur chun feidhme.

**John McCarthy**
**Secretary General**

# Ár Misean

Is é misean na Roinne rialtas áitiúil éifeachtach a chinntiú agus tacú le forbairt inbhuanaithe, agus díriú ar leith á leagan ar phleanáil straitéiseach, ar sholáthar éifeachtúil tithe dea-phleanáilte i bpobail bheoga agus ar bhainistíocht inbhuanaithe ár seirbhísí uisce.

## Ár Spriocanna Straitéiseacha



Is iad seo a leanas na spriocanna straitéiseacha atá againn:

A. A chinntiú go gcuireann an phleanáil agus an tógáil inár réigiúin agus inár bpobail le forbairt chothrom inbhuanaithe;

B. Soláthar cobhsaí inbhuanaithe tithíochta ar dhea-chaighdeán a chumasú;

C. Creat a chur ar fáil le haghaidh acmhainní uisce a bhainistiú go hinbhuanaithe ón bhfoinse go dtí an fharraige;

D. Rialtas áitiúil atá daonlathach, freagrúil agus éifeachtach, bainistíocht éifeachtach toghcháin agus bainistíocht seirbhísí dóiteáin agus éigeandála ar ardchaighdeán a chur ar aghaidh agus a chumasú;

E. Freastal ar an tsochaí trí fhaisnéis iontaofa a tháirgeadh agus a chur ar fáil faoin aimsir agus faoin aeráid chun an bheatha agus an réadmhaoin a chosaint agus chun neartú a dhéanamh ar an ról atá ag Met Éireann mar údarás maidir le meitéareolaíocht haimsir ardtionchair in Éirinn.

## Ár Luachannaur

Tá ár luachanna ag teacht leis na mórchreataí luachanna agus caighdeán atá leagtha amach i gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, sa Chód Eitice, sa Bheartas um Dhínit san Ionad Oibre agus i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. Tá na luachanna sin mar bhonn do gach a ndéanaimid sa Roinn agus sinn ag soláthar na nithe seo a leanas don phobal:

- Ionracas agus gairmiúlacht;
- Feidhmíocht a bhíonn ar ardchaighdeán i gcónaí;
- Oscailteacht agus trédhearcacht;
- Solúbthacht, freagrúlacht, nuálaíocht agus foghlaim;
- Comhairliúchán agus comhpháirtíocht;
- Tiomantas don tsochaí agus do shaoránaigh; agus
- Éifeachtacht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead a shaothrú.

# Tacú le Soláthar na Straitéise

## Réamhrá agus Comhthéacs

Is iad seo a leanas na croíróil atá ag an Roinn:




(i) comhairle beartais atá neamhchlaon agus fianaisebhunaithe a chur ar an Aire agus ar an Aire Stáit/na hAirí Stáit maidir leis an ról foriomlán atá againn ó thaobh forbairt beartais de;

(ii) cláir agus tionscadail a sholáthar go díreach agus trí chomhlachtaí eile; agus

(iii) caiteachas a bhainistiú;

cabhrú le cuspóirí beartais an Rialtais a bhaint amach ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Tá ról ionadaíochta agus idirbheartaíochta ag an Roinn freisin maidir le cúrsaí AE, mar aon le freagrachtaí idirnáisiúnta eile.

Cuimsíonn an Roinn Oifig an Aire (agus Airí Stáit, sa chás go gceaptar chun na Roinne iad), an Bord Bainistíochta agus sé Rannóg agus is ar bhonn comhoibríoch ar fud roinnt Aonad Gnó éagsúil a chuirtear cuid mhór dá gníomhaíochtaí i gcrích. Tá an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil mar chuid den Roinn freisin. Is comhlacht neamhspleách í an tSeirbhís.

De réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, ceapann an Roinn Ráiteas Straitéise uair amháin ar a laghad gach trí bliana, rud ina gcuirtear gealltanais Chlár an Rialtais san áireamh. Sa Ráiteas Straitéise, tugtar ráiteas soiléir maidir le misean agus le spriocanna na Roinne agus leagtar síos an creat le haghaidh pleanáil níos mionsonraithe agus bainistíocht níos mionsonraithe feidhmíochta daoine aonair a dhéanamh ar fud na Roinne.

Le linn dúinn ár gcuid oibre a dhéanamh, tugaimid aghaidh ar shaincheisteanna geilleagracha agus sóisialta atá casta, idirspleách agus ag athrú go tapa. Is gá dúinn a bheith inár n-eagraíocht fhreagrúil, sholúbtha agus lúfar agus táimid tiomanta don dóigh a n-oibrímid a nuachóiriú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach. I bhfianaise ról fairsing na

Roinne, tá sé tábhachtach freisin gur láidir agus éifeachtach atá an córas rialachais a n-oibrímid dá réir.
Tá rún daingean ag an Roinn obair i gcomhar le líonra Gníomhaireachtaí gaolmhara, údarás áitiúil, Ranna eile Rialtais agus comhlachtaí poiblí chun cuspóirí an Rialtais a bhaint amach. Go háirithe, oibrímid go dlúth leis an 31 údarás áitiúla agus leis na gníomhaireachtaí atá liostaithe sa tábla thíos (agus a bhfochuideachtaí) a thagann faoi choimirce na Roinne.

## Tábla 1: Gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne

| Comhlacht | Duine Cuntasach (Ceann Oifige) | Reachtaíocht Rialaithe[1] |
|---|---|---|
| **An Bord Pleanála** | Dr Mary Kelly | An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 |
| **An Ghníomhaireacht Airgeadais do Tithíochta** | Mr Barry O'Leary | An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981 |
| **An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe** | Mr John O'Connor | An tOrdú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012 |
| **Ervia** | Mr Mike Quinn | An tAcht Gáis, 1976 |
| **Uisce Éireann** | Mr Jerry Grant | An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2013 |
| **Líonraí Gáis Éireann** | Mr Liam O'Sullivan | An tAcht um Rialáil Gáis, 2013 |
| **An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil** | Mr Paul C. Dunne | Na hOrduithe fán nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), 2012 agus 2013 |
| **Suirbhéireacht Ordanáis Éireann** | Mr Colin Bray | An tAcht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann 2001 |
| **An tÚdarás Clárúcháin Maoine** | Ms Liz Pope | An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006 |
| **An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe** | Ms Rosalind Carroll | An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 |
| **An Oifig Luachála** | Mr John O'Sullivan | Na hAchtanna Luachála, 2001 agus 2015 |

[1] Arna leasú

## Pleanáil Fórsa Saothair



De réir ár bPlean Fórsa Saothair, teastaíonn uainn "na daoine cearta ag a bhfuil na scileanna cearta san áit cheart agus ag an am ceart ar mhaithe le tosaíochtaí na Roinne a chomhlíonadh" má táimid chun ár gcuid gnó a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach.  Mar fhreagairt d'aistriú na bhfeidhmeanna pobail chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus d'athstruchtúrú na Roinne ina dhiaidh sin, forbrófar Plean nua Fórsa Saothair.  Leis an bPlean nua sin, tacófar leis an Ráiteas Straitéise seo. Táthar ag obair faoi láthair chun riachtanais acmhainní agus scileanna amach anseo a shainaithint, mar aon le bearta chun freagairt do shaincheisteanna sonracha acmhainní daonna.  Gnéithe eile den phlean fórsa saothair a bheidh i bpleanáil comharbais agus i mbainistíocht tallainne, i bhfianaise na ndúshlán a ghabhann le próifíl dhéimeagrafach na foirne.

Tá *Straitéis Acmhainní Daonna* nua á hullmhú don Roinn freisin, rud ina nuashonrófar na beartais a bhaineann le rannpháirteachas leis an bhfoireann, le ceannaireacht, le soghluaisteacht, le foghlaim agus le forbairt, le bainistíocht feidhmíochta agus le saincheisteanna eile atá sainaitheanta sa Straitéis do Dhaoine sa Státseirbhís 2017-2020.

## Saoráil Faisnéise




Tá an Roinn faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise agus na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus ní mór di gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh maidir le freagra a thabhairt ar iarrataí faoin Acht agus faoi na Rialacháin.  Foilsítear 'Loga Iarrataí' Saoráil Faisnéise ar shuíomh Gréasáin na Roinne ar bhonn ráithiúil.  De réir na Scéime um Ábhar Saoráil Faisnéise a Fhoilsiú, is ar ár suíomh Gréasáin anseo a fhoilsítear faisnéis a bhaineann leis an Roinn, lena seirbhísí, lena tograí beartais agus le cúrsaí soláthair agus airgeadais, mar aon le faisnéis eile.

## Seirbhís do Chustaiméirí




Athdheimhnítear sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí ón Roinn agus sa Chairt Chustaiméirí ghaolmhar (atá ar fáil anseo) an tiomantas atá againn do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar do chách. Sa Chairt Chustaiméirí uainn, tugtar forbhreathnú ar na caighdeáin seirbhíse ar féidir lenár gcustaiméirí bheith ag súil leo nuair a dhéileálann siad linn thar an teileafón, i scríbhinn nó i bpearsa. Leagtar amach sa Phlean

Gníomhaíochta conas a chuirfimid na gealltanais atá tugtha sa Chairt chun feidhme agus conas a dhéanfaimid ár bhfeidhmíocht ina leith sin a athbhreithniú agus a thuairisciú. Ina theannta sin, tá an Roinn tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil i nGaeilge agus/nó go dátheangach dá custaiméirí. Sa Scéim Ghaeilge, a ullmhaíodh de réir alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, leagtar amach gealltanais atá tugtha thar ceann na Roinne agus na foirne chun cur lena mhéid atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair agus sainaithnítear aon réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu amach anseo ina leith sin.

Agus na spriocanna ardleibhéil i ngach ceann dár réimsí cláir – is iad sin, tithíocht, pleanáil, uisce, rialtas áitiúil agus seirbhísí meitéareolaíochta – á saothrú againn, is gá don Roinn a chinntiú freisin go bhfuil na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas ar chomhréim go hiomlán le raon straitéisí eile a théann i bhfeidhm ar an Rialtas ar fad.  Faoi mar a bhímid ag brath ar Ranna agus ar ghníomhaireachtaí eile chun gnéithe dár gcuid oibre a chur i gcrích, lena n-áirítear cur chun feidhme *Thionscadal Éire 2040 - An Creat Náisiúnta Pleanála* agus cur chun feidhme *Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine,* is gá dúinn obair i gcomhpháirt le comhlachtaí eile freisin chun raon níos leithne beartas agus pleananna gníomhaíochta a sholáthar, lena n-áirítear an *Plean Gníomhaíochta do Phoist;* an *Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe;* an *Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020;* an *Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach;* agus an *Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas 2017-2021.*

## Caidreamh leis an Oireachtasireachtas

Tá an próiseas reachtach ina ghné shuntasach d'obair na Roinne, i dtaca le Clár Reachtaíochta an Rialtais agus i dtaca lenár gcuid oibre ar Bhillí ó Chomhaltaí Príobháideacha araon.  Ina theannta sin, freagraímid líon suntasach Ceisteanna Parlaiminteacha gach bliain (tá 3,800 Ceist Pharlaiminteach freagartha againn ar an meán i ngach ceann den dá bhliain seo a chuaigh thart) agus déanaimid caidreamh rialta le Coistí Oireachtais ar raon saincheisteanna difriúla.

## Cearta an Duine agus Comhionannas

Achtaíodh an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas sa bhliain 2014.  Le halt 42 den Acht, leagtar freagracht ar gach comhlacht poiblí comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta an duine de chuid a mball foirne agus a gcustaiméirí araon a

chosaint. Tugtar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ar an bhfreagracht sin agus is oibleagáid dhlíthiúil í. Is é an cuspóir atá le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ná a chinntiú go gcuirtear tosca comhionannais agus chearta an duine san áireamh in oibríochtaí laethúla na bhfeidhmeanna gnó uile san eagraíocht.

De réir na Roinne, is iad seo a leanas na príomhghnéithe dá gnó lena mbaineann tosca comhionannais agus chearta an duine:

- an tsaincheist a bhaineann le rochtain ar thithíocht;
- tithíocht a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas;
- tithíocht a sholáthar don Lucht Siúil;
- an tionchar atá ag an ngéarchéim thithíochta ar ghrúpaí ar leith (e.g. tionóntaí san earnáil cóiríochta príobháidí ar cíos, mic léinn);

Tá pleananna agus beartais i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, lena n-áirítear:

1. *Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine*; forálacha Achtanna na dTithe, 1966-2014;
2. saolré na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016 a fhadú d'fhonn leanúint ar aghaidh le haidhmeanna na Straitéise a chomhlíonadh; pleananna straitéiseacha áitiúla a fhorbairt chun na riachtanais tithíochta atá ag daoine faoi mhíchumas a shainaithint agus chun freastal ar na riachtanais sin thar an gcéad 5 bliana eile;
3. athbhreithniú neamhspleách ar chistiú le haghaidh cóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil, rud a ndéanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta maoirseacht air; iniúchadh ar an dóigh a soláthraítear cóiríocht don Lucht Siúil, rud a gcuirfidh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil i gcrích é;
4. cur chun feidhme na Straitéise don Earnáil Chíosa ; an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe a athchóiriú; athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin san earnáil cóiríochta ar cíos; straitéis náisiúnta um chóiríocht mac léinn a cheapadh.

Sa bhliain 2017, cuireadh meitheal ilmheánach thras-Rannach ar bun chun aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme ár nDualgais Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Chearta an Duine. Tá an mheitheal comhdhéanta d'ionadaithe do gach Rannóg sa Roinn.

Chuir an mheitheal sin tús le hobair ar mheasúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna chearta an duine agus comhionannais atá ábhartha d'fheidhmeanna na Roinne mar dhéantóir beartas, mar fhostóir agus mar sholáthraí seirbhíse. Tá an Roinn ag fáil treorach ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) sa phróiseas sin. Ina theannta sin, ghlac baill den mheitheal páirt i gceardlanna ar eagraigh an Coimisiún iad i mí na Samhna 2017. Bainfear leas as an eolas a gnóthaíodh sna ceardlanna nuair a bheifear ag sainaithint bearta réamhghníomhacha a mbeidh an Roinn in ann iad a dhéanamh chuige sin.

Thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo, tabharfaimid inár dTuarascálacha Bliantúla tuairisc ar an dul chun cinn atá déanta ar chur chun feidhme ár nDualgais Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

## Tuarascáil Bhliantúil

Ceanglaítear ar an Roinn faoi alt 4(1)(b) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, tuarascáil ar dhul chun cinn a ullmhú gach bliain maidir le cur chun feidhme a Ráitis Straitéise. Tabharfar breac-chuntas i ngach Tuarascáil Bhliantúil ar an dul chun cinn atá déanta i leith cuspóirí straitéiseacha na Roinne a bhaint amach, faoi mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise trí bliana lena mbaineann.

## Buiséadú agus Airgeadas

Tá an Roinn tiomanta don tionscnamh um buiséadú feidhmíochta agus tá an Ráiteas Straitéise seo leagtha amach ar bhealach inar féidir gach ceann d'fheidhmeanna gnó (nó réimsí 'cláir') na Roinne a nascadh leis an bhfaisnéis airgeadais atá in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe.



Tá ról lárnach ag Rannóg Airgeadais agus Cuntas na Roinne maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar raon straitéisí a bhaineann leis an Roinn a bhainistiú agus le hacmhainní a chur ar fáil di. Tá ról tábhachtach aici freisin maidir le hacmhainní airgeadais a chur ar fáil don Roinn, go háirithe trí chaidreamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le linn idirbheartaíocht bhliantúil meastachán.

Is é an tArd-Rúnaí an tOifigeach Cuntasaíochta don Roinn. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Vóta na Roinne (is é sin, an Cuntas Leithreasa) agus ar an gCiste Rialtais Áitiúil. Déanann an Coiste um Chuntais Phoiblí athbhreithniú ar na

tuarascálacha ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus coinníonn sé an tArd-Rúnaí cuntasach astu.

Coinníonn an Roinn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí ar bun freisin, rud a chuireann a ghníomhaíochtaí i gcrích de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Inmheánaí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.  Cuireann Coiste Iniúchóireachta na Roinne comhairle neodrach agus moltaí neodracha ar fáil maidir le hobair an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí agus tugann sé tacaíocht don Aonad a chuid oibre a chur i gcrích.

## Athnuachan agus Athchóiriú

Cuid shuntasach den *Chreat foriomlán um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí* is ea an *Plean um Athnuachan na Státseirbhíse*. Leis an bPlean, tacaítear le forbairt na Státseirbhíse chun a chinntiú gur féidir lena cuid eagraíochtaí agus ball foirne dúshláin reatha agus dúshláin amach anseo a shárú. Is é an aidhm atá leis an bPlean ná athrú praiticiúil a bhrú chun cinn maidir leis an Státseirbhís a bhainistiú mar eagraíocht aontaithe aonair; feidhmíocht agus acmhainn gach fostaí agus gach eagraíochta de chuid na Státseirbhíse a uasmhéadú; cultúr, struchtúir agus próisis na Státseirbhíse a athrú ionas go n-éireoidh sí níos lúfaire, níos solúbtha agus níos freagrúla; agus foghlaim agus feabhsú go leanúnach trí bheith níos oscailte do smaointe seachtracha, do thuairimí daoine eile agus do dhíospóireacht. Chun an méid sin a bhaint amach, gealladh sa Phlean go gcuirfí 25 ghníomh agus 104 fhoghníomh chun feidhme. Rachaidh cuid mhór de na gníomhartha sin i bhfeidhm go díreach ar an Roinn seo agus tá tréimhse ama chomhaontaithe ann dá gcur i gcrích.

A bhuí le Clár Athnuachana na Státseirbhíse agus leis an mórchlár oibre um athchóiriú, cumasófar go hiomlán don Roinn a misean a chomhlíonadh agus a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.  D'fhonn é sin a chomhlánú, tacófar leis an Roinn ar na bealaí seo a leanas chun a misean a chomhlíonadh:

## 1. Tacú lenár bhFostaithe agus lenár Struchtúir



- Struchtúir na Roinne agus úsáid foirne a chur ar chomhréim le spriocanna straitéiseacha;
- Éirim na Straitéise nua do Dhaoine sa Státseirbhís a léiriú i Straitéis nua Acmhainní Daonna na Roinne;

- Obair go réamhghníomhach ar Phleanáil Fórsa Saothair, agus ár Straitéis Foghlama agus Forbartha a fheabhsú agus infheistíocht a dhéanamh inti ag an am céanna, chun a chinntiú go bhfuil na baill foirne chearta ag a bhfuil na scileanna cearta ar fáil;
- A chinntiú gur ag an Roinn atá an acmhainn agus an bonn scileanna agus eolais a theastaíonn chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach;
- Faireachán a dhéanamh ar ár bPlean Fórsa Saothair agus é a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go bhfuil sé ar chomhréim le tosaíochtaí athraitheacha gnó na Roinne;
- Cur leis an taithí arna gnóthú trí obair foirne thrasrannach, agus an cleachtas sin a leathnú sa Roinn agus ar fud Ranna Rialtais i gcásanna inar gá leasanna agus spriocanna difriúla a chur ar chomhréim le chéile;
- Cleachtais agus tionscnaimh nua ó thaobh Athnuachan na Státseirbhíse de a chur chun feidhme;
- Ár n-acmhainn ó thaobh ceapadh agus anailís beartais de a fhorbairt mar rannpháirtithe gníomhacha i Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES).

## 2. Gnóthachain a bhrú chun cinn trí fheabhsuithe sa teicneolaíocht agus i bpróisis



- Clár leanúnach um anailís gnó a reáchtáil chun teacht ar na deiseanna atá ann réitigh TFC a úsáid chun tacú le próisis ghnó;
- Páirt a ghlacadh i gcláir thrasrannacha amhail seirbhísí comhroinnte, Sonraí Oscailte agus réitigh ríomhrialtais a bhaineann le ‘huirlisí a fhorbairt chun iad a chomhroinnt’;
- Uirlisí TFC a úsáid chun éifeachtúlacht a uasmhéadú agus chun acmhainn tháirgiúil na Roinne a mhéadú.

## 3. Rialachas a fheabhsú

- Leanúint lenár bpróiseas bainistíochta riosca a fheabhsú;
- An straitéis a ailíniú níos gaire d’oibleagáidí pleanála agus tuairiscithe gnó;
- Ár gCreat Rialachais Chorparáidigh (atá ar fáil anseo) a fhorbairt tuilleadh chun trédhearcacht agus infheictheacht a mhéadú agus chun tuilleadh aitheantais a fháil d’obair na Roinne;
- Maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (atá ar fáil anseo) á chur chun feidhme ag na heagraíochtaí éagsúla

atá faoi choimirce na Roinne, agus dea-rialachas i measc na ngníomhaireachtaí sin a chinntiú, lena n-áirítear comhlíonadh a n-oibleagáidí reachtúla.

## 4. Feabhas a chur ar an dóigh a ndéantar sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a chomhroinnt

- Méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht comhlachtaí eile earnála poiblí i staidreamh tithíochta agus pleanála a fhorbairt;
- Comhlíonadh Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann a mhéadú sa Roinn;
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le cáilíocht, inrochtaineacht agus inúsáidteacht príomhthacar sonraí a fheabhsú;
- Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt clár tras-Rannach amhail an Bonneagar Sonraí Náisiúnta.

# Pleanáil




Mar atá leagtha amach i Ráiteas Beartais Phleanála an Rialtais, a foilsíodh sa bhliain 2015, is é feidhm an phróisis phleanála in Éirinn a chinntiú:

*"go ndéantar an fhorbairt cheart sna láithreacha cearta agus ag an am ceart…"*

Tá dhá ghné ann den phróiseas pleanála, mar sin. Ar thaobh amháin, is gá féachaint chun cinn, athrú a réamh-mheas agus cuspóirí a leagan síos agus, ar an taobh eile, is gá gníomh a dhéanamh chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme trí mhórbheartais phoiblí a thabhairt le chéile agus trí fhorbairt fhisiciúil a threorú tríd an bpróiseas rialála/an próiseas toilithe forbartha.

Tá sé mar phríomhchuspóir againn creat éifeachtach rialála agus beartais a fhorbairt tuilleadh le haghaidh cúrsaí pleanála, ar creat é lena mbrúfar próisis phleanála atá éifeachtach, éifeachtúil agus trédhearcach chun cinn ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ar mhaithe le mór-riachtanais gheilleagracha, shóisialta agus chomhshaoil a chomhlíonadh agus lena gcinnteofar go mbeidh acmhainní agus cumas ag Údaráis Áitiúla agus ag an mBord Pleanála na seirbhísí pleanála a theastaíonn ó dhaoine a chur ar fáil.

Tosaíochtaí sonracha thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo a bheidh sna nithe seo a leanas: cur chun feidhme a dhéanamh ar na gníomhartha pleanála agus bainistíochta talún atá sa phlean *Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine* ón Rialtas chun an soláthar tithíochta a mhéadú; Creat nua Náisiúnta Pleanála a cheapadh mar phlean straitéiseach d'Éirinn suas go 2040 agus tús a chur lena chur chun feidhme (rud a gcomhlánófar é leis na Straitéisí nua Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha a thabharfar isteach ar leibhéal na dTionól Réigiúnach); Oifig an Rialálaí Pleanála a bhunú; tionscnaimh nua athghiniúna uirbí a cheapadh; agus seirbhísí pleanála níos fearr ar líne a thabhairt isteach.

<table>
<tr><td colspan="2">Sprioc Straitéiseach A: A chinntiú go gcuireann an phleanáil agus an tógáil inár réigiúin agus inár bpobail le forbairt chothrom inbhuanaithe.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Pleanáil Chun Cinn – An Creat Náisiúnta Pleanála</td></tr>
<tr><td>Cuspóirí</td><td>Gníomhartha</td></tr>
<tr><td><ul><li>Creat Náisiúnta Pleanála nua dar teideal Thionscadal Éire 2040 - An Creat Náisiúnta Pleanála a fhoilsiú, rud a bheidh ar an gcreat náisiúnta uileghabhálach le haghaidh pleanáil spásúil agus forbairt réigiúnach in Éirinn. Beidh Thionscadal Éire 2040 - An Creat Náisiúnta Pleanála ar bheartas an Rialtais maidir le conas ba cheart do na Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais lena mbaineann aghaidh a thabhairt ar ábhair phleanála lena mbaineann tábhacht náisiúnta. Chomh maith leis sin, úsáidfear é chun bonn eolais a chur faoi Straitéisí Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnacha agus faoi Phleananna Forbartha Cathrach agus Contae.</li></ul></td><td><ul><li>Doiciméad an Chreata Náisiúnta Pleanála a fhoilsiú go luath sa bhliain 2018, lena n-áirítear béim a leagan ar na cuspóirí leithne ardleibhéil a rachaidh i bhfeidhm ar cheapadh beartais ar fud gach Roinne Rialtais agus a dhéanfaidh eolas don cheapadh beartais sin.</li><li>A chinntiú go gcuirfear Thionscadal Éire 2040 - An Creat Náisiúnta Pleanála ar comhréim leis an bPlean Náisiúnta Infheistíochta 10 mbliana atá á fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.</li><li>Socruithe iomchuí rialachais um fhaireachán agus maoirseacht a chur i bhfeidhm le haghaidh chur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh na húdaráis ábhartha na cuspóirí beartais náisiúnta.</li><li>Maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú na Straitéisí Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnacha, agus á chinntiú go bhfuil siad ag teacht le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála agus faoi réir maoirseacht ag Oifig an Rialálaí Pleanála, rud lena gcinnteofar go mbeidh ailíniú beartais ann idir na cisil go léir den phlean reachtúil atá i mbun próiseas ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.</li></ul></td></tr>
<tr><td colspan="2">Beartas Pleanála</td></tr>
<tr><td>Cuspóirí</td><td>Gníomhartha</td></tr>
<tr><td><ul><li>A chinntiú go leanann an próiseas pleanála ar aghaidh le ról réamhghníomhach éascaitheach a imirt maidir le próiseas an téarnaimh gheilleagraigh agus forbairt inbhuanaithe náisiúnta agus réigiúnach a chothú agus a threorú, lena n-áirítear an ról tábhachtach treorach agus éascaitheach atá aige maidir le soláthar tithíochta a bhrostú tríd an bplean Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine a chur chun feidhme.</li></ul></td><td><ul><li>Creat cuí reachtach agus beartais don phleanáil a bheith i bhfeidhm againn in Éirinn chun tacú le córas pleanála atá éifeachtúil, éifeachtach agus trédhearcach a fheidhmiú, agus a chinntiú go gcomhlíonann Éire na hoibleagáidí ábhartha atá leagtha ag an Aontas Eorpach (AE) agus ag na Náisiúin Aontaithe (NA) uirthi trína chinntiú go bhfuil reachtaíocht pleanála, rialacháin phleanála agus treoir pleanála atá cuí i bhfeidhm againn.</li><li>Maidir le bearta a tugadh isteach sa réimse seo le déanaí, breithniú leanúnach a dhéanamh ar dheiseanna an córas pleanála a chuíchóiriú tuilleadh, nuair is cuí.</li></ul></td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| • Tionscnaimh a cheapadh chun athnuachan agus athghiniúint uirbeach a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh sin, agus é mar aidhm shonrach leo a chinntiú go bhfuil ár gcathracha agus ár mbailte móra ina n-áiteanna tarraingteacha chun cónaí agus obair iontu, ár lár cathracha, bailte agus sráidbhailte a athbheochan, agus dul i ngleic le fadhb an dearóilithe ina lán ceantar uirbeach. | • An Grúpa Oibre ardleibhéil um Athnuachan Uirbeach a bhainistiú chun tograí a sholáthar le haghaidh bearta athghiniúna uirbí, lena n-áirítear bearta a bhaineann le foirgnimh fholmha reatha a athúsáid, le láithreáin dearóile agus leis an dóigh a bhfeidhmíonn údaráis áitiúla an tobhach láithreán folamh.<br>• Scéim Athnuachana Uirbí nua a thosófar sa bhliain 2018 a sholáthar. |
| • A chinntiú go bhfuil an córas pleanála inrochtana agus freagrúil go fóill i bhfianaise na gníomhaíochta méadaithe ar dóigh di bheith ann i dtaca le tograí forbartha cónaithe, tráchtála agus úsáide measctha, lena n-áirítear trí sheirbhísí pleanála breise ar líne agus inniúlacht fheabhsaithe faireacháin feidhmíochta a éascú, agus i dtaca le sonraí mapáilte tithíochta agus sonraí pleanála spásúla a fhorbairt (e.g. trí Myplan.ie) lena n-úsáid ag an earnáil stáit agus ag an earnáil phríobháideach. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras pleanála, agus aird ar leith á tabhairt ar fhorbairt chónaithe a réamh-mheas, a phleanáil agus a sholáthar.<br>• Seirbhísí feabhsaithe ríomhphleanála a chur ar fáil ar leibhéal roinne, údaráis agus Boird chun saoránaigh agus custaiméirí an phróisis phleanála a éascú a gcuid oibre a sheoladh.<br>• Sonraí nua a bhailiú go leanúnach faoi phleananna reachtúla náisiúnta agus na sonraí sin a chur leis an gcóras pleanála ansin, agus tacair nua shonraí amhail amharcóir náisiúnta a thabhairt isteach chun sonraí beo faoi iarratais phleanála ó 31 údarás áitiúla a chur i láthair sula dtabharfar mórthairseach náisiúnta ar líne le haghaidh iarratais phleanála agus aighneachtaí pleanála isteach i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. |
| • Treoir nuashonraithe pleanála ón Aire a chur ar fáil d'údaráis phleanála, lena n-áirítear leasuithe ar na Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Ghaoithe | • Tabhairt chun críche na dTreoirlínte Forbartha Fuinnimh a chur ar aghaidh i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.<br>• Nuashonrú a thabhairt ar dhul chun cinn agus Treoirlínte reachtúla eile a eisiúint, de réir mar is gá. |
| **An Bord Pleanála** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • An Bord a chumasú an sainordú atá aige a chomhlíonadh go héifeachtach, lena n-áirítear maidir le déileáil le mórfhorbairtí tithíochta, agus laghdú a dhéanamh ar an tréimhse ama a thógtar chun cinntí a dhéanamh ina leith sin | • A chinntiú gur ag an mBord atá na cumhachtaí, an acmhainn agus an treoir a theastaíonn uaidh chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.<br>• Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ó Ghrúpa Athbhreithnithe an Bhoird Phleanála tríd an nGrúpa Cur Chun Feidhme a bunaíodh, rud a chuimseoidh ionadaithe ón Roinn agus ón mBord.<br>• A chinntiú go gcuirtear sách acmhainní ar fáil don Bhord trí acmhainní airgeadais a sholáthar i bhfoirm cúnamh deontais oibriúcháin agus trí acmhainní foirne a sholáthar de réir mar a theastaíonn, agus an |

| | |
|---|---|
| | obair sin a dhéanamh i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. |
| **Oifig an Rialálaí Pleanála** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Córas éifeachtach agus nua-aimseartha pleanála a sholáthar a bheidh treoraithe ag pleananna agus ní ag forbróirí; agus muinín a mhéadú as trédhearcacht agus oibiachtúlacht chóras pleanála na hÉireann. | • Bonn reachtúil le hachtú luath na hOifige a chur ar fáil tríd an mBille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2016, agus trí Rialacháin ghaolmhara de réir mar is cuí ina dhiaidh sin.<br>• An Oifig a bhunú ina dhiaidh sin.<br>• Is é an aidhm atá le hOifig an Rialálaí Pleanála a bhunú ná a chinntiú go ndéanfar maoirseacht chuí ar na córais agus na nósanna imeachta a n-úsáideann údaráis phleanála iad agus a chinntiú go mbeidh muinín ag an bpobal go soláthrófar torthaí ar ardchaighdeán, agus á áirithiú ag an am céanna nach mbeidh aon fhorluí ann le nósanna imeachta achomhairc atá ann cheana i dtaca le cásanna aonair a n-oibríonn an Bord Pleanála iad agus le ról an chórais cheartais choiriúil. Is é an córas rialtais áitiúil fós atá freagrach as an mbeartas pleanála, agus é ag obair de réir an chreata reachtaigh agus beartais don phleanáil a bunaíodh ar leibhéal náisiúnta. |
| **An Ciste um Ghníomhachtú Tithíochta Bonneagair Áitiúil** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Bacainní bonneagair chriticiúil a mhaolú chun go mbeifear in ann tithíocht a sholáthar ar phríomhláithreáin forbartha; agus feabhas a chur ar a inmharthana atá tionscadail tithíochta nua ón taobh eacnamaíoch de agus ar a inacmhainne atá siad do cheannaitheoirí. | • Leanfaidh an Roinn le hobair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla maidir le bainistiú agus maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar na 34 thionscadal de chuid an Chiste a formheasadh le haghaidh cistiú a fháil faoina bhun i mí an Mhárta 2017. Is ionann agus €226.5 milliún costas iomlán na dtionscadal bonneagair sin. Bainfidh ríthábhacht leis sin má táthar chun 23,000 aonad tithíochta a sholáthar faoin mbliain 2021. Is é an réamh-mheastachán fadtéarmach go soláthrófar suas le 70,000 aonad.<br>• Fógraíodh cistiú breise €50m ón mbliain 2019 i leith mar chuid de Bhuiséad 2018. Leis an gcistiú sin, éascófar tuilleadh bonneagair chun láithreáin bhreise a chruthú agus soláthar breise tithíochta a ghníomhachtú. Eiseofar gairm eile tograí chuig Údaráis Áitiúla go luath sa bhliain 2018 le haghaidh tionscadail a chur isteach lena mbreithniú faoin sruth breise cistiúcháin seo den Chiste um Ghníomhachtú Tithíochta Bonneagair Áitiúil. |

# Tithíocht

Cuid dhílis den mhórdhul chun cinn geilleagrach agus sóisialta ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach araon is ea tithíocht ar ardchaighdeán a sholáthar sna láithreacha cearta, go háirithe maidir lena chinntiú go bhfuil ár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte ina n-áiteanna tarraingteacha rathúla chun cónaí agus obair iontu. Is casta na dúshláin atá roimh an earnáil tithíochta faoi láthair. Tá an earnáil fós faoi réir an tionchair a bhí ag an gcrapadh geilleagrach sa bhliain 2008, rud a d'imir tionchar mór ar fud an domhain. Ina theannta sin, tá easnamh tromchúiseach sa soláthar tithíochta i réim anois mar gheall ar an tearcsholáthar atá á dhéanamh go leanúnach ón mbliain 2009 i leith, go háirithe i mBaile Átha Cliath.

Mar sin, is gá dúinn dúshláin shuntasacha a shárú má táimid chun freastal ar na riachtanais tithíochta atá ag geilleagar atá ag fás. Is é sin an fáth a bhfuil an tithíocht mar phríomhthosaíocht ag an Rialtas anois. Sa phlean *Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine* a foilsíodh i mí Iúil 2016, sa *Straitéis don Earnáil Chíosa* a foilsíodh i mí na Nollag 2016, agus in athchóirithe eile beartais agus i dtionscnaimh eile bheartais a eascraíonn as measúnú agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta, leagtar treochlár soiléir síos chun dul i ngleic leis an easpa dídine; soláthar 50,000 aonad tithíochta sóisialta a mhéadú agus a bhrostú go suntasach; tógáil tithíochta príobháidí a spreagadh; feabhas a chur ar an margadh cóiríochta ar cíos; agus comhlíonadh a dhéanamh ar an ngealltanas atá tugtha againn 25,000 teach nua a thógáil gach bliain, i dtéarmaí ginearálta, suas go dtí an bhliain 2020.

Tá cúig phríomhcholún ann sa phlean Rebuilding Ireland, ar féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

## Colún 1 – Dul i nGleic leis an Easpa Dídine

Luathréitigh a chur ar fáil chun laghdú a dhéanamh ar an líon do-ghlactha teaghlach a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht éigeandála; tacaí idirghníomhaireachta a sholáthar do dhaoine atá gan dídean faoi láthair, agus béim ar leith á cur ar an líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh a laghdú; agus tacaí Stáit a mhéadú ionas gur féidir le daoine fanacht ina dteach féin.

## Colún 2 – Soláthar Tithíochta Sóisialta a Bhrostú

Méadú a dhéanamh ar an méid tithíochta sóisialta agus tithíochta eile Stáit atá á sholáthar agus ar an luas ar a bhfuil tithíocht den chineál sin á sholáthar.

## Colún 3 – Tuilleadh Tithe a Thógáil

Táirgeadh tithíochta príobháidí a mhéadú ionas gur féidir freastal ar an éileamh ar phraghsanna inacmhainne.

## Colún 4 – Feabhas a chur ar an Earnáil Cóiríochta ar Cíos

Dul i ngleic leis na bacainní atá ann ar thuilleadh tithe a sholáthar san earnáil cóiríochta príobháidí ar cíos ar mhaithe leis an líon aonad atá ar fáil ar chíosanna inacmhainne a mhéadú.

## Colún 5 – Leas a Bhaint as an Stoc Reatha Tithíochta

A chinntiú go n-úsáidtear an stoc reatha tithíochta a mhéid is féidir – agus béim á cur ar bhearta chun an stoc tithíochta foilmhe a úsáid chun ceantair uirbeacha agus thuaithe a athnuachan.

Tá cuspóirí tithíochta na Roinne don tréimhse a chuimsítear leis an Ráiteas Straitéise seo leagtha amach go mion sa phlean Rebuilding Ireland, rud lena ndírítear go sonrach ar an soláthar tithíochta a bhrostú sna láithreacha cearta do na hearnálacha cóiríochta príobháidí, cóiríochta sóisialta agus cóiríochta ar cíos. Má éiríonn linn an soláthar tithíochta a bhrostú, déanfaimid rannchuidiú maidir leis na croíchuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Laghdú a dhéanamh ar an líon do-ghlactha daoine, go háirithe teaghlaigh, a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht éigeandála;
- 50,000 ceann nua d'aonaid tithíochta sóisialta a chur ar fáil do na daoine a bhfuil an gá acu;
- Boilsciú praghsanna cíosa agus ceannaigh a mhaolú, go háirithe i gceantair uirbeacha;
- Aghaidh a thabhairt ar an mbearna mhéadaitheach inacmhainneachta atá ann do chuid mhór teaghlach atá ag iarraidh a dteach féin a cheannach;
- An earnáil cóiríochta ar cíos a thabhairt chun aibíochta ionas go bhféachfaidh tionóntaí uirthi mar earnáil ina dtairgtear rogha tionachta atá slán agus ar ardchaighdeán sna

láithreacha cearta agus ionas go bhféachfaidh soláthraithe uirthi mar earnáil ar féidir leo infheistiú inti le cinnteacht;

- A chinntiú go ndéanann an tithíocht rannchuidiú seasta leis an ngeilleagar náisiúnta agus go dtacaíonn sí le fás geilleagrach inbhuanaithe; agus
- Tithíocht a sholáthar ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais reatha agus a chuireann le mórchuspóirí a bhaint amach ag an am céanna, mar shampla, an gá atá ann le forbairt agus pobail inbhuanaithe a chothú i gceantair uirbeacha agus thuaithe agus an gá atá ann leis an gcuid is fearr a bhaint as an rannchuidiú a dhéanann an timpeallacht thógtha maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide.

| **Sprioc Straitéiseach B**: Soláthar cobhsaí inbhuanaithe tithíochta ar dhea-chaighdeán a chumasú. | |
|---|---|
| **Tithíocht Údaráis Áitiúil** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Tacú le húdaráis áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe 50,000 ceann nua d'aonaid tithíochta sóisialta a chur ar fáil, mar atá leagtha amach sa phlean Rebuilding Ireland, trí mheascán de mheicníochtaí airgeadais agus de mheicníochtaí soláthair. | • I gcomhar le geallsealbhóirí éagsúla, raon leathan clár tithíochta sóisialta a chur chun feidhme agus soláthar na gclár sin a bhrostú d'fhonn a chinntiú go n-éireoidh le húdaráis áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe 33,600 ceann nua d'aonaid tithíochta sóisialta a chur ar fáil faoi dheireadh na bliana 2020[2].<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar chláir reatha thithíochta sóisialta chun a chinntiú go bhfuil siad ábhartha agus go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais saoránach; agus cláir nua a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, de réir mar is gá, lena n-áirítear Scéim um Thithe a Dheisiú agus a Léasú agus Scéim um Thithe a Cheannach agus a Athnuachan.<br>• Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus treoirlínte reachtúla a eisiúint de réir mar is gá chun a chinntiú go bhfuil na forálacha á bhfeidhmiú go héifeachtach maidir le 10% d'fhorbairtí nua tithíochta príobháidí a chur ar leataobh do thithíocht shóisialta.<br>• Ciste rollach Gníomhaireachta Tithíochta ar fiú €70 milliún é a |

[2] Cuimsítear leis an Ráiteas Straitéise seo an tréimhse 2017-2020. Sa bhliain 2016, soláthraíodh 4,240 teach nua. Is sa bhliain 2021 a sholáthrófar an 12,160 teach eile den 50,000 teach a socraíodh mar sprioc. .

| | |
|---|---|
| | bhunú, agus béim ar leith á cur ar bhainc agus ar chuideachtaí infheistíochta a spreagadh ionaid fholmha réadmhaoine a cheannach le haghaidh tionóntaí tithíochta sóisialta. |
| • Rochtain ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a chur ar fáil d'aon teaghlach a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as tacaíocht shlán tithíochta den chineál sin. | • Feidhmiú na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil sé inrochtana ag teaghlaigh a dteastaíonn tacaíocht den chineál sin uathu, lena n-áirítear trí fheasacht a mhúscailt ar an Íocaíocht agus trí thairbhí na hÍocaíochta a chur in iúl.<br>• Méadú a dhéanamh ar an líon teaghlach atá ag aistriú ó fhorlíonadh cíosa chuig an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta d'fhonn gach duine atá i dteideal forlíonadh cíosa a aistriú chuig an Íocaíocht faoin mbliain 2021. |
| • Tacaí tithíochta, an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta san áireamh, atá cothrom agus inbhuanaithe agus atá dírithe ar na daoine a bhfuil an gá is mó acu leo a chur ar fáil. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais ar leith um chíosanna difreálacha atá i bhfeidhm in údaráis áitiúla.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais incháilitheachta agus leithdháilte atá i bhfeidhm don tithíocht shóisialta ar fud na n-údarás áitiúil.<br>• Méadú a dhéanamh ar rialtacht na hAchoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta trí thabhairt faoin Achoimre ar bhonn bliantúil. |
| • Forbairtí tionachta measctha a shaothrú go gníomhach ar thailte Stáit agus ar thailte eile. | • Cur chuige tionachta measctha a chur chun cinn i leith forbairt, go háirithe tailte faoin úinéireacht phoiblí, lena n-áirítear trí obair go díreach le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí tithíochta ceadaithe ar raon tionscadal eiseamláireach agus treo-aimsitheora.<br>• Tacú le húdaráis áitiúla bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas foriomlán pleanála agus forbartha le haghaidh forbairtí tithíochta tionachta measctha ar mhórscála. |
| **Tithíocht Dheonach agus Comharthithíocht** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Tacú le samhlacha nuálacha airgeadais a cheapadh; rannchuidiú comhcheangailte féideartha na hearnála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a mhéadú; agus soláthar níos comhordaithe agus níos straitéisí a | • Ciste Nuálaíochta a chur i bhfeidhm do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe Shraith 3 chun tacú le soláthar méadaithe trí raon éagsúil sruthanna cistiúcháin a úsáid.<br>• A chinntiú go dtugann an t-ionad |

| | |
|---|---|
| chumasú i measc Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe trí leas a bhaint as sruthanna éagsúla cistiúcháin ar fud gach limistéir údaráis áitiúil; agus comhar méadaithe a chur chun cinn i measc Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus údaráis áitiúla. | ilfhreastail tiomnaithe laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíocht réamhghníomhach do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe mar aon le soláthar níos comhordaithe ar fud gach limistéir údaráis áitiúil.<br>• Saoráidí maoiniúcháin an Chláir Chaiteachais Reatha don Tithíocht Sóisialta, na Saoráide Léasúcháin Airleacan Caipitil agus na Scéime Cúnaimh Caipitil a athbhreithniú chun tacú le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe freastal ar an gcostas ar aonaid nua tithíochta sóisialta a thógáil agus a cheannach.<br>• Rialálaí a bhunú don earnáil Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, rud a mbeidh sé de dhualgas air maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus ar bhainistíocht airgeadais éifeachtach i measc comhlachtaí tithíochta deonaí agus comhlachtaí comharthithíochta. |
| **Tacaí don Chuimsiú Tithíochta** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| Raon beart a sholáthar atá dírithe ar dhaoine gan dídean, mar atá leagtha amach sa phlean Rebuilding Ireland. Áireofar leis na bearta sin:<br>• a chinntiú nach n-úsáidtear óstáin chun cóiríocht a chur ar fáil do theaghlaigh ach amháin i gcúinsí teoranta;<br>• méadú a dhéanamh ar an líon cineálacha tithíochtbhunaithe cur chuige a ghlactar i leith na heaspa dídine; agus<br>• soláthar leordhóthanach cóiríochta éigeandála a chinntiú ar bhonn náisiúnta<br>• Raon beart a sholáthar atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas, mar atá leagtha amach sa phlean Rebuilding Ireland. | • Freastal ar na riachtanais tithíochta atá ag teaghlaigh trí leas a bhaint as raon meicníochtaí chun tithíocht a sholáthar.<br>• An Clár Tús Áite don Tithíocht a leathnú i mBaile Átha Cliath agus an cur chuige pobalbhunaithe sin a leathnú chuig ceantair uirbeacha eile ina dhiaidh sin.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfáil atá ar chóiríocht éigeandála agus ar chóiríocht shealadach éigeandála inár bpríomhcheantair uirbeacha chun teacht ar sholáthar cuí atá comhsheasmhach leis an riachtanas.<br>• Tacú le cónaí pobalbhunaithe do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear cistiú caipitil a sholáthar chun tacú leis an gclár um dhaoine a aistriú ó láithreacha comhchónaithe chuig cónaí pobalbhunaithe.<br>• Obair i gcomhar leis an Roinn Sláinte, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus le húdaráis áitiúla chun tithíocht a chur ar fáil do dhaoine atá ag aistriú ó chóiríocht de chuid FSS agus chun freastal ar chliaint de chuid seirbhísí |

| | |
|---|---|
| | meabhairshláinte a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht phobalbhunaithe.<br>• Saolré na *Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (2011-2016)* a fhadú chun leanúint leis an Straitéis a sholáthar agus chun a chinntiú go gcuirfear na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas san áireamh i ngach beartas tithíochta amach anseo. |
| • Raon beart a sholáthar atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil, mar atá leagtha amach sa phlean Rebuilding Ireland. | • Athbhreithniú saineolach neamhspleách a dhéanamh ar an gcistiú caipitil/reatha a chuirtear ar fáil do chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil, agus an t-athbhreithniú sin a úsáid mar ardán lárnach ar a dtabharfar faoi iniúchadh sa bhliain 2017 ar an dóigh a ndéantar Cláir Chóiríochta don Lucht Siúil a chur chun feidhme agus a sholáthar.<br>• Creat éifeachtach reachtaíochta, beartais agus cistiúcháin a athbhreithniú agus a chothabháil i dtaca le cóiríocht don Lucht Siúil agus maoirseacht a dhéanamh ar údaráis áitiúla chun a chinntiú go gcuirtear cláir agus tacaí éifeachtacha chun feidhme. |
| • Tacú le húdaráis áitiúla freagairt do na riachtanais atá ag tionóntaí, go háirithe tionóntaí a bhfuil riachtanais shainiúla acu amhail daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta, agus feabhas a chur ar cháilíocht an stoic thithíochta sóisialta. | • Tacú le cur chun feidhme an Chláir Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh chun éifeachtúlacht breosla an stoic náisiúnta thithíochta sóisialta a mhéadú, chun dul i ngleic leis an tearcrochtain fuinnimh agus chun cabhrú le hastaíochtaí a laghdú.<br>• Cur chun feidhme an chláir Dheontas/Obair Feabhsúcháin do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun cinn ar mhaithe le tithíocht shóisialta a oiriúnú chun freastal ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine scothaosta. |
| • Socruithe nua maireachtála faoi thacaíocht/maireachtála cuidithe a dhreasú lena bhfreastalófar ar na riachtanais tithíochta atá ag daoine scothaosta áirithe, agus scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann tionscadail dea-chleachtais a phríomhshruthú ina dtabharfar FSS, údaráis áitiúla, dearthóirí agus grúpaí acadúla le chéile. | • Obair i gcomhar leis an Roinn Sláinte chun roghanna beartais a cheapadh le haghaidh tithíocht faoi thacaíocht/tithíocht le cúram ionas go mbeidh raon níos leithne roghanna cúram cónaithe ar fáil do dhaoine scothaosta.<br>• D'fhonn freastal ar dhaoine a bhfuil riachtanais chúram sláinte acu ar féidir iad a chomhlíonadh sa phobal, |

| | |
|---|---|
| | cuirfimid tionscadail phíolótacha ar aghaidh ina nglacfar cur chuige trasrannach/idirghníomhaireachta i leith tionscnaimh thithíochta do dhaoine scothaosta. |
| **Athghiniúint Eastát – Feabhsuithe ar Thithíocht Shóisialta** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Cabhrú le feabhas a chur ar cheantair thithíochta sóisialta/eastáit tithíochta sóisialta atá i measc na bpobal is mó faoi mhíbhuntáiste sa tír agus a bhfuil fíoreisiamh sóisialta, dífhostaíocht agus iompraíocht fhrithshóisialta mar shaintréithe acu. | • Cur chuige iomlánaíoch a chur chun feidhme i leith athghiniúint fhisiciúil, shóisialta agus gheilleagrach.<br>• Tacú le húdaráis áitiúla clár uaillmhianach tionscadal athghiniúna a sholáthar, lena n-áirítear tionscadail ar mhórscála i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i Luimneach.<br>• Obair i gcomhar le Tascfhórsa na Lárchathrach Thuaidh chun feabhas a chur ar an tithíocht shóisialta/na heastáit agus na háiseanna pobail sa cheantar sin. |
| **Deontais Tithíochta Príobháidí** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Údaráis áitiúla a chumasú tacaíocht a thabhairt d'úinéirí príobháideacha tí, rud a mbeidh mórthairbhe shóisialta ag gabháil leis sa mhéid go mbeidh daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas in ann leanúint lena dteach féin a áitiú go neamhspleách. | • Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla na Scéimeanna Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme.<br>• Obair i gcomhar le geallsealbhóirí, údaráis áitiúla agus comhlachtaí ionadaíocha do dhaoine faoi mhíchumas/daoine scothaosta ina measc, chun tairbhe agus tionchair an chláir chistiúcháin sin a uasmhéadú. |
| • Córais nuálacha a cheapadh le haghaidh forbairt chónaithe inacmhainne ar ardchaighdeán a sholáthar, an fhorbairt a spreagadh agus an stoc tithíochta sóisialta a mhéadú. | • Cineálacha cur chuige a chur chun cinn i leith tithíocht chónaithe atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán araon a sholáthar. |
| • A chinntiú go bhfeidhmíonn údaráis áitiúla, mar iasachtóirí morgáiste, iad féin de réir na gcaighdeán rialála is airde agus ag teacht le beartas creidmheasa atá stuama freagrach, agus obair a dhéanamh ar fud an Rialtais chun a chinntiú go bhfuil réitigh inbhuanaithe ar a bhfiachas morgáiste i bhfeidhm ag sealbhóirí banc tráchtála a bhfuil riaráiste fadtéarmach morgáiste orthu. | • Faireachán a dhéanamh ar tháirgí morgáiste údaráis áitiúil agus tacú le húdaráis áitiúla a leabhair iasachtaí morgáiste a bhainistiú.<br>• Athbhreithniú ar an scéim Cíos in ionad Morgáiste a chur chun feidhme agus a chinntiú go bhfuil ag éirí léi maidir le réiteach fadtéarmach a chur ar fáil dóibh sin a bhfuil an riaráiste is géire orthu agus a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta sóisialta acu. |

| | |
|---|---|
| • Infheistíocht lasmuigh den chlár comhardaithe a éascú maidir le tithíocht shóisialta agus phríobháideach araon a sholáthar. | • I gcomhar leis na geallsealbhóirí uile, imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh Comharchumainn tacú le tithíocht shóisialta a sholáthar.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar an rogha atá ann dreasachtaí a thabhairt d'fhorbróirí tithe a thógáil agus a léasú ar ais le haghaidh tithíocht shóisialta. |
| **An Earnáil Cóiríochta ar Cíos** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Méadú a dhéanamh ar an soláthar cóiríochta inacmhainne ar cíos agus tacú le forbairt a dhéanamh ar earnáil cóiríochta ar cíos atá láidir, inmharthana agus inbhuanaithe, áit ar féidir rogha, cáilíocht, luach agus slándáil a chur ar fáil do theaghlaigh agus ar féidir deiseanna infheistíochta atá slán agus tarraingteach a chur ar fáil do sholáthraithe cóiríochta ar cíos. | • An raon cuimsitheach gníomhartha a mholtar sa Straitéis don Earnáil Chíosa a chur chun feidhme, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh samhail 'cíosú ar chostas' a imirt i bhforbairt fhadtéarmach na hearnála, mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar an réimeas rialála reatha – d'fhonn cothromaíocht chuí a bhaint amach idir cearta agus leasanna tiarnaí talún agus cearta agus leasanna tionóntaí.<br>• Scrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir linn dreasachtaí níos fearr a thabhairt do thiarnaí talún agus do thionóntaí léasanna fadtéarmacha a chomhaontú san earnáil phríobháideach. |
| • Cóiríocht chónaithe fhadtéarmach inacmhainne a chur ar fáil do theaghlaigh ina bhfuil oibrí bunriachtanach ar ioncam íseal nó ar mheánioncam sna ceantair uirbeacha sin ina bhfuil ardéileamh ar thithíocht, agus dreasacht eacnamaíoch a chur ar fáil chun an soláthar cóiríochta ar cíos a mhéadú. | • Sainaithint a dhéanamh ar threoirthionscadail lena bhforbrófar samhlacha nua cíosa inacmhainne chun cur leis an acmhainn atá ag comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus ag an earnáil cóiríochta príobháidí ar cíos cóiríocht a chur ar fáil do theaghlaigh ar phraghas cíosa níos réasúnta. |
| • Méadú a dhéanamh ar an tuiscint atá ann ar na cearta atá ag tionóntaí agus ag tiarnaí talún agus ar na freagrachtaí atá orthu, mar aon le tuiscint níos leithne a ghnóthú ar an margadh cóiríochta ar cíos d'fhonn bonn eolais a chur faoin mbeartas, faireachán a dhéanamh ar an mbeartas nua agus faireachán a dhéanamh ar threochtaí sa mhargadh. | • Ról an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe a leathnú chun go mbeidh sé ina ionad ilfhreastail maidir le faisnéis agus comhairle inrochtana agus chun go mbeidh sé de dhualgas air faireachán a dhéanamh ar an earnáil cóiríochta ar cíos agus sonraí a chur ar fáil faoin earnáil, lena n-áireofar an tInnéacs Cíosa Ráithiúil a nascadh leis an Innéacs Inacmhainneachta, agus tabhairt faoi shuirbhéanna bliantúla ar thionóntaí agus ar thiarnaí talún. |
| • Meicníochtaí breise cistiúcháin a chur ar fáil don earnáil Institiúidí Ardoideachais i gcomhar leis an | • Ag teacht sna sála ar athruithe reachtacha agus rialála a rinneadh sa bhliain 2016, cabhrú leis an earnáil |

| | |
|---|---|
| nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta. | Institiúidí Ardoideachais cistiú a rochtain ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta nuair is féideartha agus is fiú. |
| **Leas a bhaint as an tithíocht reatha** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Tithíocht shóisialta a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtúla a thairgeann tuilleadh roghanna agus rannpháirtíochta do theaghlaigh is iarrthóirí agus teach nua á roghnú acu, rud a laghdóidh an dóchúlacht go ndiúltófar do thairiscintí tithíochta. | • Córas leithdháilte atá bunaithe ar roghanna nó ar rud den chineál céanna a thabhairt isteach ar fud na n-údarás áitiúil uile, rud a bheidh curtha in oiriúint do chúinsí sonracha an údaráis áitiúil lena mbaineann, agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú praiticiúil an chórais ina dhiaidh sin. |
| • A chinntiú go bhfuil sách rogha ag údaráis áitiúla chun teorainn a chur le diúscairt cineálacha áirithe tithíochta sóisialta atá i ngannchúis, go bhfuil an scéim tithíochta sóisialta tarraingteach do thionóntaí tithíochta sóisialta agus go bhfuil sách acmhainneachta ag an scéim cistí nua a thiomsú le haghaidh forbairt tithíochta. | • An Scéim Cheannaigh (Incrimintigh) ag Tionóntaí a athbhreithniú agus leasuithe a dhéanamh air, agus aird á tabhairt ar eispéiris sa chéad bhliain a bhí sí i mbun feidhme. |
| • Úsáid níos fearr a bhaint as an stoc reatha tithíochta trí chóiríocht atá oiriúnach dá riachtanais a chur ar fáil do dhaoine scothaosta, rud a d’fhéadfadh a fhágáil go mbeidh tuilleadh áiteanna cónaithe móra ar fáil lena n-úsáid ag teaghlaigh. | • Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir an fháil atá ar thithe speisialta ‘céim síos’ a chur chun cinn i measc daoine scothaosta, agus spreagadh a thabhairt do dhaoine bogadh go tithe níos lú nuair is cuí. |
| • Tacú le húdaráis áitiúla obair i gcomhar le húinéirí tithe príobháideacha folmha chun na tithe sin a athúsáid mar thithíocht shóisialta. | • An Scéim um Thithe a Dheisiú agus a Léasú agus an Scéim um Thithe a Cheannach agus a Athnuachan a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta. |

# Uisce




Tá an Roinn tiomanta do cháilíocht an fhionnuisce agus an uisce mhuirí a chosaint agus a fheabhsú trí chur chun feidhme iomlán a dhéanamh ar an gCreat-treoir Uisce, ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, ar na Rialacháin maidir le Níotráití agus ar aon bhearta eile a theastaíonn chun dul i ngleic le gach foinse truaillithe uisce. Is leis an gCreat-treoir Uisce a leagtar síos an tsraith uileghabhálach socruithe lena rialaítear bainistiú cháilíocht an uisce ar fud na hEorpa. Ceanglaítear léi ar na Ballstáit a n-acmhainní uisce a bhainistiú ar bhonn comhtháite chun “dea-stádas” éiceolaíoch ar a laghad a bhaint amach agus chun meath ar stádas aon uiscí a sheachaint. Is le treoracha gaolmhara, ar a dtugtar “macthreoracha” go minic, a phléitear le cáilíocht an uisce óil, le cóireáil fuíolluisce uirbigh agus le cáilíocht an uisce snámha.

Mar chuid den rún atá ag Éirinn dea-stádas éiceolaíoch a bhaint amach dá huiscí – mar a cheanglaítear leis an gCreat-treoir Uisce – tabharfaidh an Roinn an dara timthriall de phleananna bainistíochta abhantraí (clár beart san áireamh) isteach le linn shaolré na Straitéise seo.

Leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, ceanglaítear ar na Ballstáit d’AE straitéis atá bunaithe ar an gcur chuige éiceachórais a ullmhú d’fhonn Dea-Stádas Comhshaoil a bhaint amach nó a choimeád ina n-uiscí muirí faoin mbliain 2020. Thar thréimhse na Straitéise seo, ní mór don Roinn tús a chur leis an dara timthriall den Treoir agus obair le daoine eile chun ár measúnú tosaigh, ár spriocanna tosaigh agus ár dtáscairí tosaigh a nuashonrú, ar nithe iad ar gá dúinn tuairisc a thabhairt orthu sa bhliain 2018.

D’fhonn cur chuige níos comhtháite a bhunú i leith gníomhaíochtaí daonna a bhainistiú inár n-uiscí muirí, agus d’fhonn cloí le ceanglais na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí, treoróidh an Roinn an obair chun pleanáil spásúil mhuirí a chur chun feidhme agus chun an próiseas toilithe imeall trá a athchóiriú le linn na tréimhse a chuimsítear leis an Straitéis seo.

Tá athchóiriú suntasach déanta ar sheirbhísí uisce poiblí ón mbliain 2013 i leith. I measc na n-athchóirithe sin, cuireadh Uisce Éireann ar bun agus leagadh dualgas ar an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) rialáil eacnamaíoch a dhéanamh. Croíthosaíocht thar thréimhse na Straitéise seo a bheidh i samhail inbhuanaithe fhadtéarmach cistiúcháin a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí uisce agus fuíolluisce baile, ar samhail í a bheidh bunaithe ar an Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017. Leanfaidh an Roinn de bheith ag obair le príomh-

gheallsealbhóirí chun athchóirithe ar an earnáil uisce a chomhdhlúthú agus chun na córais uisce phoiblí agus tuaithe a nuachóiriú.

| **Sprioc Straitéiseach C:** Creat a chur ar fáil le haghaidh acmhainní uisce a bhainistiú go hinbhuanaithe ón bhfoinse go dtí an fharraige. | |
|---|---|
| **Cáilíocht an Uisce** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • An dara timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 d'Éirinn a chríochnú de bhun na Creat-treorach Uisce ó AE, agus cur chun feidhme na mbeart atá leagtha amach sa Phlean sin a chur ar aghaidh. | • An Plean Bainistíochta Abhantraí don tréimhse 2018-2021 a thabhairt chun críche.<br>• Creat cur chun feidhme a chur i bhfeidhm, rud ina ndíreofar go sonrach ar bhainistíocht abhantraí agus ar rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail a áirithiú.<br>• Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Bainistíochta Abhantraí agus ar cháilíocht an uisce de réir mar a bhaineann sí le spriocanna an Phlean. |
| • Clár Gníomhaíochta um Níotráití 2018-2021 a chur i bhfeidhm d'Éirinn, rud ina leagfar amach na rialacha maidir le haoileach beostoic agus leasacháin eile a bhainistiú agus a úsáid. | • Rialacháin chuí a thabhairt chun críche agus a ghlacadh.<br>• A chinntiú go rachfar i mbun comhairliúcháin fhairsinge ar na dréachtrialacháin sula nglacfar iad. |
| • Trasuí agus cur chun feidhme iomlán na dTreoracha ábhartha ó AE a chinntiú ar mhaithe le cosaint agus feabhsú leanúnach cháilíocht an uisce agus na n-éiceachóras atá spleách ar an uisce a chur chun cinn. | • Na Treoracha ábhartha ó AE a chomhlíonadh ina n-iomláine. |
| **Uisce Tuaithe** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • An Earnáil Uisce Tuaithe a athchóiriú. | • Córas Clárúcháin a bhunú do Ghrúpscéimeanna Uisce.<br>• Creat Beartais a ullmhú don Earnáil Uisce Tuaithe agus athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta agus ar shocruithe faireacháin agus maoirseachta san earnáil grúpscéimeanna uisce.<br>• An Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019-2021 a ullmhú trí liosta gníomhaíochta feabhais a ullmhú do scéimeanna ar bhonn náisiúnta, agus nósanna imeachta agus treoir riaracháin ag gabháil leis. |

| Pleanáil Spásúil Mhuirí | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Pleanáil spásúil mhuirí a chur chun feidhme in Éirinn. | • Dul i mbun próiseas rannpháirtíochta tosaigh leis an bpobal agus le geallsealbhóirí.<br>• Spriocanna agus cuspóirí an bheartais phleanála spásúla muirí a shainmhíniú.<br>• Tús a chur le sonraí a bhailiú, a mhapáil agus a anailísiú faoi dhálaí reatha.<br>• Plean cur chun feidhme an bheartais phleanála spásúla muirí a thabhairt chun críche agus cead a áirithiú don bheartas.<br>• Comhaontú seirbhíse a thabhairt chun críche le Foras na Mara maidir leis na seirbhísí a chuirfear ar fáil.<br>• Grúpa oifigeach sinsearach idir-rannach a bhunú, rud a mbeidh sé de dhualgas air saincheisteanna trasghearrthacha a chomhordú agus a bhainistiú. |
| **An Mhuirthimpeallacht agus an tImeall Trá** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Dea-stádas comhshaoil a bhaint amach agus a choimeád dár limistéar muirí, lena n-áirítear trí chur chun feidhme a dhéanamh ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus ar an gCoinbhinsiún maidir le cosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR). | • Clár faireacháin a chur chun feidhme ionas gur féidir measúnú leanúnach a dhéanamh ar stádas comhshaoil uiscí muirí na hÉireann.<br>• Clár beart a chur chun feidhme ionas gur féidir dea-stádas comhshaoil a bhaint amach agus a choimeád d'uiscí muirí na hÉireann.<br>• Tús a chur le hullmhúcháin don dara timthriall de chur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí.<br>• Obair i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun gníomhartha faoi Choinbhinsiún OSPAR a chur ar chomhréim le ceanglais na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí. |
| • An córas toilithe imeall trá a fheidhmiú i dtaca le forbairtí agus gníomhaíochtaí ar an imeall trá. | • Próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar thoiliú faoin Acht um Imeall Trá.<br>• Bainistiú eastáit a dhéanamh ar an bpunann réadmhaoine imeall trá.<br>• Bainistiú a dhéanamh ar dhlíthíocht imeall trá i gcásanna ina bhfuil an tAire ina ghearánaí nó ina chosantóir iontu. |
| • An próiseas toilithe imeall trá agus an próiseas toilithe pleanála a chur ar chomhréim le chéile, agus soláthar a dhéanamh do mheasúnú comhshaoil aonair a dhéanamh ar thionscadail laistigh den chóras pleanála. | • An Bille um an Limistéar Muirí agus Imeall Trá (Leasú) a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas reachtach.<br>• Reachtaíocht thánaisteach a achtú ionas gur féidir forálacha an Bhille a thionscnamh agus a chur chun feidhme.<br>• Socruithe nós imeachta a dhéanamh don aistriú chuig an gcóras nua. |

| **Clár INTERREG** | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Bainistiú a dhéanamh ar idirghníomhaíocht na Roinne leis an bhForas um Chláir Speisialta AE i dtaca leis an dóigh a gcistítear tionscadail uisce agus bhithéagsúlachta faoi Chlár INTERREG VA. | • A chinntiú go ndéantar breithniú tráthúil ar thionscadail agus ar an dóigh a riartar riachtanais chistiúcháin. |
| **An Deontas Feabhsúcháin/An Straitéis Náisiúnta um Luaidhe** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Cur chun feidhme iomlán na Straitéise Náisiúnta um Luaidhe a chinntiú ar mhaithe le maolú a dhéanamh ar na rioscaí sláinte a bhaineann le neamhchosaint ar luaidhe san uisce óil. | • I gcomhar leis an Roinn Sláinte, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart atá beartaithe faoin Straitéis Náisiúnta um Luaidhe.<br>• Faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag glacadh leis an scéim deontas chun cabhrú le teaghlaigh ar ioncam íseal freastal ar na costais ar phíobáin luaidhe agus feistis luaidhe a athsholáthar laistigh dá dteach. |
| **Seirbhísí/Feidhmeanna Eile** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce | • Ráiteas beartais seirbhísí uisce a fhoilsiú ar aon dul le forálacha an Achta um Sheirbhísí Uisce 2017 |
| • Athchóiriú na hearnála uisce a chur chun feidhme ina iomláine. | • Tacaíocht a thabhairt d'Uisce Éireann, don earnáil rialtais áitiúil, don Choimisiún um Rialáil Fóntais agus don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil samhail bhuan fóntais aonair a chur ar fáil le haghaidh seirbhísí uisce poiblí a sholáthar agus le haghaidh an tsamhail cistiúcháin nua d'Uisce Éireann a chur chun feidhme. |


# Rialtas Áitiúil





Oibríonn an Roinn i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla chun rialtas áitiúil a mhúnlú agus a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dó agus é ag comhlíonadh a róil maidir le hionadaíocht a dhéanamh do phobail agus freastal orthu ar bhealach níos éifeachtaí níos éifeachtúla. Tá freagracht ar an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil as beartas, as reachtaíocht agus, ar leibhéal leathan, as maoirseacht i dtaca leis an gcóras rialtais áitiúil. Tá feidhmeanna maoirseachta ina réimsí beartais faoi seach ag Ranna eile Rialtais freisin, lena n-áirítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Mar sin féin, is eintitis chorparáideacha atá neamhspleách go hiomlán iad údaráis áitiúla. Tá aitheantas bunreachtúil agus a sainordú daonlathach féin acu agus tá freagracht iomlán orthu faoin dlí as a gcuid feidhmeanna a chomhall agus as a bhfreagrachtaí rialachais agus a bhfreagrachtaí reachtúla eile a chomhlíonadh.

Áirítear le ról na Roinne maoirseacht a dhéanamh ar airgeadas na n-údarás áitiúil agus ceangal a chur orthu a gcuid airgeadais a choinneáil ar bhonn inbhuanaithe, a chinntiú go gcuireann siad ardchaighdeáin bhainistíochta airgeadais agus chuntasachta i bhfeidhm agus, ón taobh leathan de, féachaint lena chinntiú go bhfuil córas cistiúcháin atá struchtúraithe go cuí i bhfeidhm ag an rialtas áitiúil chun freastal ar dhúshláin atá ann cheana agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Tugann an Roinn tuairisc don Roinn Airgeadais ar fheidhmíocht fhoriomlán na hearnála maidir leis an Iarmhéid Ginearálta Rialtais.

Cuid de mhórchlár athchóirithe agus athstruchtúraithe le roinnt bheag blianta anuas is an earnáil rialtais áitiúil. Beifear ag leanúint leis an bpróiseas athchóirithe thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Foilseofar tuarascáil go luath sa tréimhse sin ar bhearta féideartha a bheidh dírithe ar cheannaireacht agus cuntasacht rialtais áitiúil a neartú.



Tá freagracht ar an Roinn as an mbeartas um sheirbhísí dóiteáin freisin agus tá sí ar an Roinn Rialtais atá freagrach go príomha as an bhfreagairt do naoi gcás éigeandála/géarchéime a chomhordú, mar atá: adhaimsir; tuile; dóiteán; ábhair ghuaiseacha; teagmhais chomhshaoil/truailliú; seirbhísí uisce, cáilíocht/soláthar uisce; titim foirgneamh; pléascthaí tionóisceacha agus sciorradh talún.




Tá freagracht ar an Roinn as an gcreat reachtaíochta le haghaidh toghchán, reifreann agus cistiú polaitiúil freisin. Cúram leanúnach is ea a chinntiú go mbíonn socruithe i bhfeidhm chun freagairt a thabhairt tar éis olltoghchán, reifreann, toghchán Uachtaránachta nó fothoghchán a ghlaoch. De bhreis ar fhreagairt do thograí le haghaidh athchóiriú toghchán a mbeifear ag tabhairt aghaidh orthu thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo,

beidh sé ina thosaíocht sa tréimhse forbairt a dhéanamh ar Bhille um Choimisiún Toghcháin a bhunú..

| | |
|---|---|
| **Sprioc Straitéiseach D:** Rialtas áitiúil atá daonlathach, freagrúil agus éifeachtach agus creat nuachóirithe bainistíochta toghcháin a chur ar aghaidh agus a chumasú. | |
| **Rialtas Áitiúil a Mhaoiniú** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • A chinntiú go bhfuil bonn inbhuanaithe faoi airgeadas na n-údarás poiblí agus go bhfuil córas cistiúcháin atá struchtúraithe go cuí i bhfeidhm ag an earnáil rialtas áitiúil chun freastal ar dhúshláin atá ann cheana agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus chun an daonlathas áitiúil a neartú. | • Leithdháiltí Cáin Mhaoine Áitiúil a dháileadh de réir cinntí Rialtais agus cinntí éagsúlaithe áitiúla.<br>• Dul i mbun plé leis an earnáil rialtais áitiúil i dtaca le saincheisteanna cistiúcháin agus leis na próisis bhuiséid agus airgeadais go ginearálta.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar Phróisis Bhainistíochta Fiachais agus ar an reachtaíocht ghaolmhar. |
| • A chinntiú go n-oibríonn údaráis áitiúla de réir na gcaighdeán bainistíochta airgeadais is airde agus go gcoinnítear caighdeáin chuntasaíochta de réir cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. | • Dul i dteagmháil leis an earnáil agus leis an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil ó thaobh tuairisciú airgeadais de agus Buiséid chónasctha, Ráitis Bhliantúla Airgeadais agus tuarascálacha airgeadais eile don earnáil a fhoilsiú.<br>• An Cód Cleachtais Cuntasaíochta don earnáil a choinneáil ar bun, é a athbhreithniú gach bliain agus athruithe a dhéanamh air, nuair is gá, i gcomhairle leis an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil. |
| **Rialtas Áitiúil a Fhorbairt** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Tacú le beartas Rialtais agus dul chun cinn a dhéanamh air chun rialtas áitiúil a fheabhsú agus a fhorbairt. | • Tuarascáil a ullmhú don Rialtas agus don Oireachtas ar bhearta a d'fhéadfaí a chur i gcrích chun ceannaireacht agus cuntasacht rialtais áitiúil a neartú. |
| **Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Tacú le húdaráis áitiúla sábháilteacht dóiteáin agus seirbhísí dóiteáin den scoth a sholáthar dá bpobal | • Cláir forbartha agus thacaíochta a cheapadh agus a chur chun feidhme le haghaidh sábháilteacht dóiteáin agus seirbhísí dóiteáin. |
| • Bheith i gceannas ar bhainistíocht éigeandála atá tagarmharcáilte go hidirnáisiúnta a fhorbairt agus a úsáid in Éirinn | • Beartais a mhúnlú agus socruithe comhordaithe a chur chun feidhme chun acmhainn chuí bainistíochta éigeandála a sholáthar. |

| An Toghchóras | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| • Beartais agus córais a fhorbairt chun bainistíocht toghcháin agus athchóiriú toghchán atá éifeachtach a chinntiú. | • An tacaíocht riachtanach a chur ar fáil le haghaidh toghcháin agus reifrinn a reáchtáil go réidh feadh thréimhse an Ráitis Straitéise seo, lena n-áirítear toghcháin Uachtaránachta, toghcháin Eorpacha agus toghcháin áitiúla.<br>• An reachtaíocht atá riachtanach a ullmhú le haghaidh reifrinn ar an gceart vótála i dToghcháin Uachtaránachta a leathnú chuig saoránaigh Éireannacha a chónaíonn lasmuigh den stát agus ar an aois vótála a laghdú go 16 bliana d'aois.<br>• Bille um Choimisiún Toghcháin a fhorbairt.<br>• Tacú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcreat reachtach toghcháin. |
| **Seirbhísí/Feidhmeanna Eile** | |
| **Cuspóirí** | **Gníomhartha** |
| Maoirseacht a dhéanamh ar leibhéil soláthar foirne sna húdaráis áitiúla | • Faireachán a dhéanamh ar líon na bhfostaithe sna húdaráis áitiúla.<br>• Tacú le dul chun cinn a dhéanamh ar Oifig Seirbhísí Comhroinnte MyPay. |

# Met Éireann

Is é Met Éireann, Seirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta na hÉireann, an comhlacht príomha a sholáthraíonn faisnéis faoin aimsir agus seirbhísí gaolmhara sa Stát. Is é misean Met Éireann faireachán, anailís agus tuar a dhéanamh ar aimsir agus aeráid na hÉireann agus faisnéis mhéitéareolaíoch agus faisnéis ghaolmhar ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus do chustaiméirí ar leith atá ag obair i réimsí amhail an earnáil eitlíochta agus an earnáil talmhaíochta. Ós rud é gur eagraíocht eolaíoch agus theicniúil í, déanann sí dianiarracht úsáid a bhaint as an dul chun cinn teicneolaíochta agus eolaíochta is déanaí chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus cruinneas a réamhaisnéisí a fheabhsú.

Chuir Met Éireann Plean Straitéiseach fadtéarmach le chéile don tréimhse 2017-2027. Is é an fhís atá léi 'Éire a Ullmhú don Aimsir agus don Aeráid'. Is iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil an Phlean Straitéisigh:

SPRIOC 1: Tacaíocht a mhéadú do chinnteoireacht atá bunaithe ar thionchair le haghaidh eachtraí aimsire

SPRIOC 2: Seirbhísí faisnéise aeráide a sholáthar lena gcuirtear sábháilteacht saoránach chun cinn agus a thacaíonn le hathléimneacht eacnamaíoch agus comhshaoil

SPRIOC 3: Seirbhís náisiúnta ardchaighdeáin um réamhaisnéis tuile a sholáthar

SPRIOC 4: Leanúint le faisnéis éifeachtach údarásach a thabhairt faoin mheitéareolaíocht in Éirinn

SPRIOC 5: Fórsa saothair gairmiúil saineolach a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt dó

SPRIOC 6: Bonneagar meitéareolaíochta atá comhtháite agus nua-aimseartha a stiúradh agus tacú le creat timpeallachta fiontraíochta le haghaidh seirbhísí aimsire agus aeráide

Thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo, déanfaidh Met Éireann a raon seirbhísí aimsire agus aeráide a mhéadú agus a fhorbairt. Príomhfhorbairtí nua sa tréimhse sin a bheidh iontu seo: córais bhreathnóireachta meitéareolaíochta eitlíochta a nuachóiriú, acmhainn an tuartha uimhriúil aimsire a uasghrádú agus aonad nua réamhaisnéise tuile a bhunú. Cuirfear tús le linn na tréimhse seo freisin le tionscadal chun líonra radar báistí na hÉireann a nuachóiriú agus a fhorbairt.



Leanfar den díriú láidir atá á chur ar shaincheist ár n-aeráide athraithí agus ar an tionchar a bhíonn ag an aimsir ar Éirinn. Dá réir sin, neartóidh Met Éireann a acmhainn faireacháin oibriúcháin le haghaidh treochtaí aeráide a bhrath tríd an líonra náisiúnta faireacháin aeráide a uasghrádú. Leanfaimid ag oibriú ar aitreabúideacht, ar threochtaí aeráide a anailísiú agus ar sheirbhísí a íos-scálú go leibhéal réigiúnach.

Tá ag méadú ar an éileamh ó phobal na hÉireann ar fhaisnéis aimsire atá níos cothroime le dáta agus níos áitiúla ar mhaithe le sábháilteacht a chinntiú agus lena cháilíocht beatha i gcoitinne a fheabhsú. Breiseoidh Met Éireann a ról cumarsáide poiblí tuilleadh trínár seirbhísí digiteacha a uasghrádú agus trí fhaisnéis aimsire a sholáthar trínár suíomh Gréasáin nua agus trínár n-aip nua. Leagfar béim láidir freisin ar an bpobal a chur ar an eolas faoi eachtraí aimsire agus faoi thionchair na n-eachtraí sin ionas gur féidir le daoine an ghníomhaíocht chuí a dhéanamh chun a sábháilteacht agus a maoin féin a chosaint.

Breiseoidh Met Éireann a ról taighde le linn na tréimhse 2017-2020 trí pháirt mhéadaithe a ghlacadh i gcláir náisiúnta agus idirnáisiúnta thaighde i gcomhar le seirbhísí agus gníomhaireachtaí náisiúnta meitéareolaíochta eile agus leis an lucht léinn i réimse na meitéareolaíochta trí rannpháirtíocht bhreise i ndeiseanna cistiúcháin amhail Fís 2020.

Tá cineál idirnáisiúnta ó nádúr ag an meitéareolaíocht agus leanfaidh Met Éireann ar aghaidh ag glacadh páirt in Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Meitéareolaíochta amhail an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta (WMO), an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin (ECMWF) agus an Eagraíocht Eorpach chun Sochar a bhaint as Satailítí Meitéareolaíochta (EUMETSAT). Déanfaidh sé amhlaidh chun sonraí satailíte, breathnóireachta agus eile atá ar ardchaighdeán a mhalartú lena n-úsáid i samhlacha réamhaisnéise agus chun dul i mbun comhair sa dea-chleachtas idirnáisiúnta i réimsí éagsúla meitéareolaíochta.

<table>
<tr><td colspan="2">Sprioc Straitéiseach E: Freastal ar an tsochaí trí fhaisnéis iontaofa a tháirgeadh agus a chur ar fáil faoin aimsir agus faoin aeráid chun an bheatha agus an réadmhaoin a chosaint agus chun neartú a dhéanamh ar an ról atá ag Met Éireann mar údarás maidir le meitéareolaíocht haimsir ardtionchair in Éirinn.</td></tr>
<tr><td></td><td>Actions</td></tr>
<tr><td><ul><li>Méadú agus forbairt a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí aimsire agus aeráide lena mbaineann tionchar údarásach.</li></ul></td><td><ul><li>Suíomh Gréasáin agus aip Met Éireann a fhorbairt arís eile chun tuilleadh seirbhísí digiteacha a chur ar fáil, lena n-áirítear podchraoltaí agus físchraoltaí.</li><li>Méadú a dhéanamh ar raon agus raon feidhme na dtáirgí réamhaisnéise agus na seirbhísí faisnéise aeráide atá ar fáil do pháirtithe leasmhara san earnáil agus don lucht déanta beartas san earnáil trí na meáin dhigiteacha.</li><li>Córas níos fearr a thabhairt isteach le haghaidh rabhaidh aimsire náisiúnta a thabhairt agus a scaipeadh.</li><li>Cur in iúl na faisnéise aimsire agus aeráide a neartú chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar an tionchar.</li><li>Leanúint le páirt a ghlacadh in Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Meitéareolaíochta chun sonraí satailíte, breathnóireachta agus eile atá ar ardchaighdeán a mhalartú lena n-úsáid inár samhlacha</li></ul></td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | réamhaisnéise agus chun dul i mbun comhair sa dea-chleachtas idirnáisiúnta i réimsí éagsúla meitéareolaíochta.<br>• Acmhainn fheabhsaithe réamhaisnéise a bhaint amach trí thaighde a dhéanamh agus trí uirlisí tuartha uimhriúil aimsire Met Éireann a uasghrádú. |
| • Seirbhísí meitéareolaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil don earnáil eitlíochta i gcomhlíonadh chaighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), an Phlean Eorpaigh Aerloingseoireachta agus na Rialachán Eorpach. | • Córais bhreathnóireachta eitlíochta Met Éireann in aerfoirt an Stáit a nuachóiriú trí thionscadal AMAP a chur chun comhlíonadh Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Ceanglais Chomhchoiteanna (Rialachán (CE) Uimh. 2017/373) a chinntiú faoi mhí Nollaig 2020.<br>• Ainmniú mar sholáthraí Seirbhísí Meitéareolaíochta de chuid na hÉireann a choinneáil le haghaidh seirbhísí atá ainmnithe in Iarscríbhinn 3 de chaighdeáin an ICAO agus an creidiúnú ISO:9001 de chuid na Rannóige Seirbhísí Eitlíochta a choinneáil. Feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht na mbreathnuithe agus na seirbhísí réamhaisnéise i gcomhairle le húsáideoirí eitlíochta. |
| • Tacú le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) maidir le bunú a dhéanamh ar 'córas réamhaisnéise náisiúnta tuile chun eolas áitiúil, rialta agus sonrach a chur ar fáil i dtaobh réamhaisnéis tuile'. | • Ionad Réamhaisnéise Tuile a bhunú in Met Éireann i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, agus é ar an gcéad chéim de Sheirbhís Náisiúnta Réamhaisnéise agus Rabhaidh Tuile a chur chun feidhme. |
| • Coinneáil agus forbairt a dhéanamh ar shaineolas agus scileanna agus ar an mbonneagar meitéareolaíochta a theastaíonn chun spriocanna straitéiseacha Met Éireann a chomhlíonadh. | • Inniúlacht eolaíoch agus theicniúil a choinneáil, a fhorbairt agus a dheimhniú ar aon dul le caighdeáin idirnáisiúnta.<br>• A chinntiú go bhfreastalaíonn bonneagar meitéareolaíochta Met Éireann ar riachtanais athraitheacha na seirbhísí aimsire agus aeráide.<br>• An líonra náisiúnta faireacháin aeráide de chuid Met Éireann a uasghrádú.<br>• Breathnuithe tríú páirtí a chomhtháthú tuilleadh chun soláthar seirbhísí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí aimsire agus aeráide a éascú.<br>• Oibríochtaí athléimneacha a |

| | |
|---|---|
| | choinneáil ar bun 24 huaire sa lá agus 7 lá sa tseachtain trí shaineolas agus bonneagar TFC atá láidir agus oiriúnach don fheidhm.<br>• Tacaíocht do theagmhais aimsire ardtionchair a fheabhsú trí acmhainn neartaithe cianbhraiteachta.<br>• Tús a chur le tionscadal chun an líonra radar báistí a nuachóiriú agus a fheabhsú. |
| • An ról taighde a fhorbairt tuilleadh. | • Páirt mhéadaithe a ghlacadh i gcláir náisiúnta agus idirnáisiúnta thaighde i gcomhar le seirbhísí agus gníomhaireachtaí náisiúnta meitéareolaíochta eile agus leis an lucht léinn i réimse na meitéareolaíochta trí rannpháirtíocht bhreise i ndeiseanna cistiúcháin amhail Fís 2020. |

# Dúshláin, Rioscaí agus Deiseanna

Is mar a leanas a bheidh na dúshláin, na rioscaí agus na deiseanna príomha inár dtimpeallacht oibriúcháin sa tréimhse 2017-2020:

**Téarnamh geilleagrach leantach** – beidh sé riachtanach na léirithe ar théarnamh geilleagrach a tháinig chun cinn sa bhliain 2012 agus a lean ar aghaidh go dtí an bhliain 2017 a choinneáil ar bun thar thréimhse na Straitéise. Iarmhairtí na ngéarchéimeanna geilleagracha agus airgeadais is déanaí sa tír seo, san Eoraip agus ar domhan, i dteannta éiginnteachtaí nua amhail impleachtaí an Bhreatimeachta, beidh siad ina ndúshláin ó thaobh gníomhaíocht gheilleagrach agus na staide fioscaí náisiúnta de.

**Caidreamh oibre le Ranna eile agus le Comhlachtaí eile Earnála Poiblí** – beidh sé riachtanach leanúint ar aghaidh ag forbairt dea-chaidreamh oibre le Ranna tábhachtacha agus le comhlachtaí eile le go mbeifear in ann cuspóirí an Rialtais a bhaint amach, go háirithe iad sin a bhaineann leis an bplean Rebuilding Ireland.

**An Breatimeacht** – beidh sé riachtanach faireachán cúramach a dhéanamh ar impleachtaí imeacht na Ríochta Aontaithe ó AE chun bainistiú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar ghnó na Roinne maidir le meicníochtaí cistiúcháin Thuaidh/Theas ó AE agus le caidreamh trasteorann eile.

**Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí/Athnuachan na Státseirbhíse** – leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag cur le comhlíonadh na gcuspóirí a bhaineann le hathchóiriú na seirbhíse poiblí.

**Athchóiriú an Rialtais Áitiúil** – beimid i gceannas ar an bpróiseas um athchóiriú an rialtais áitiúil, agus muid ag oibriú ar fud an Rialtais agus i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha ar thionscnaimh atá dírithe ar cheannaireacht agus cuntasacht rialtais áitiúil a neartú.

**Bainistíocht uisce** – bonn inbhuanaithe a chur ar fáil don infheistíocht a theastaíonn le haghaidh ár mbonneagair uisce óil agus fuíolluisce.

**Dóthanacht na nAcmhainní** – beidh treochtaí déimeagrafacha mar chúis le brú caiteachais, go háirithe ó thaobh tithíochta de; déanfaimid ár bpleanáil bhuiséadach a fheabhsú agus a bheachtú chun a chinntiú go leanfar le hacmhainní a ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha a bhíonn ag athrú.

# AGUISÍNÍ

## Aguisín 1

Is féidir amharc ar struchtúr eagrúcháin na Roinne ar shuíomh Gréasáin na Roinne anseo

## Aguisín 2

**An Clár do Rialtas Comhpháirtíochta**

Úsáideadh na gealltanais seo a leanas atá sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta chun eolas a dhéanamh don Ráiteas Straitéise ón Roinn don tréimhse 2017-2020:

| |
|---|
| Tacóimid leis an gCoiste Oireachtais um Thithíocht mar fhóram chun dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha Stáit agus neamhstáit ar fad, ar a n-áirítear tógálaithe, forbróirí agus carthanachtaí tithíochta, i dtaca le dearadh agus feidhmiú na mbeartas nua tithíochta. (Gníomhaíocht sna Chéad 100 lá) |
| Lorgóimid tuairimí na bpáirtithe leasmhara faoi ról agus feidhm na Gníomhaireachta Tithíochta sa soláthar ar thithíocht bhreise agus rachaimid i dteagmháil le húdaráis Eorpacha i dtaca leis an gcóir bhuiséid d'fhorbairt nua tithíochta. (Gníomhaíocht sna Chéad 100 lá) |
| An chéad tionscnamh mór a bheidh ag an Aire Tithíochta nua sa Rialtas ná úsáid a bhaint as obair an Choiste Oireachtais nua um Thithíocht agus Easpa Dídine, Plean Gníomhaíochta nua um Thithíocht a dhréachtú agus a fhoilsiú laistigh de na chéad 100 lá, ach gan a bheith teoranta do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa doiciméad seo. Próiseas comhoibríoch a bheidh i ndréachtú an Phlean Gníomhaíochta nua seo agus deiseanna ag na páirtithe leasmhara go léir, ar a n-áirítear údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí tithíochta agus an earnáil dheonach, smaointe a chur ar fáil trí aighneachtaí don Aire agus don Choiste Oireachtais nua um Thithíocht. Nuair a bheidh an obair críochnaithe, déanfar gach gníomhaíocht a shannadh d'eagraíocht shonrach agus amlínte foilsithe d'fheidhmiú ag dul leo. (Gníomhaíocht sna Chéad 100 lá) |
| Breathnóidh an Plean Gníomhaíochta ar an stoc tithíochta reatha nach bhfuil aon chónaí ann, mar aon le haonaid tráchtála atá folamh, chun dreasú a dhéanamh ar a n-athchóiriú agus a n-athrú lena n-úsáid mar thithe cónaithe. |
| Foilseoidh an Roinn eisiúint mhíosúil ar gach gníomhaíocht agus aschur a bhaineann le foirgníocht tithíochta sa Stát i dtaca le tithíocht phoiblí, dheonach agus phríobháideach. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Déanfaimid méadú suntasach agus brostóimid soláthar na n-aonad tithíochta sóisialta. Deifreoidh an Rialtas nua an soláthar den Straitéis Tithíochta Sóisialta €3.8 billiún atá |

| |
|---|
| tiomanta - cistithe tríd an gClár Caipitiúil reatha - atá dírithe ar 35,000 aonad nua tithíochta sóisialta a sheachadadh. Cuirfidh na húdaráis áitiúla tithíocht nua ar fáil in dhá chéim: (1) 18,000 aonad breise tithíochta faoi dheireadh 2017, agus (2) 17,000 aonad breise tithíochta faoi dheireadh 2020. Cuirfear na hacmhainní agus an chumhacht ar fáil do na húdaráis áitiúla chun é sin a chur i bhfeidhm. |
| Tógfar céimeanna chun comhordú níos fearr a thabhairt isteach i measc na n-údarás áitiúil, na ngníomhaireachtaí tithíochta agus na gcumann dheonacha tithíochta, chun luach ar airgead a chinntiú don íocóir cánach nuair a bheidh tithíocht nó talamh á ceannach. |
| Tá sé riachtanach daingneacht tionachta a fheabhsú ionas go mbeadh HAP ina mhodh éifeachtach seachadta do thionóntaí. Ar an gcúis sin, tabharfaidh an Rialtas isteach samhail nua cíosú inacmhainne chun breis roghanna tithíochta a chur ar fáil do theaghlaigh atá ar ioncam íseal agus chun ísliú a chur ar an mbrú atá ar earnáil na tithíochta sóisialta. |
| Lena chois sin, ardóimid teorainneacha an Liúntais Chíosa agus na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) de 15%, ag cur san áireamh na n-éagsúlachtaí tíreolaíocha i gcíosanna margaidh, agus leathnófar an feidhmiú ar an HAP, an cumas chun íocaíochtaí roghnacha feabhsaithe a dhéanamh san áireamh. |
| Chun an seachadadh a bhrostú, aistreoimid breis cumhachta, freagrachta agus acmhainní chuig na húdaráis áitiúla, an dearadh do thithíocht shóisialta san áireamh. Ag tarraingt as na buntáistí a bhaineann leis an gcóras cineachta deontais do scoileanna, ardóimid an tairseach don phróiseas aonchéime do cheaduithe tithíochta sóisialta ón Rialtas láir ó €2 mhilliún go dtí €5 mhilliún, faoi réir comhaontaithe idir an Rialtas láir agus na húdaráis áitiúla ar mheicníocht nua bainistíochta riosca chun rialú costas a chinntiú. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Tabharfaimid spreagadh don leathnú ar Sheirbhísí Deonacha Tithíochta trí "dhea-chleachtas" tiomanta agus rannán lárnach comhordaithe tacaíochta sa Rialtas láir a mbeidh freagracht air as seachadadh ó chumainn tithíochta a mhéadú, as scéimeanna cistithe agus as comhordú ar fheidhmiú beartas don earnáil. Fiosróimid leis na páirtithe leasmhara ar fad faoin dóigh a bhféadfadh Comhair Chreidmheasa tacú le tithíocht shóisialta trí Sheirbhísí Deonacha Tithíochta (Gníomhaíocht Bhliain 1). |
| Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht, breathnóimid ar an tacaíocht a d'fhéadfaí a thabhairt do na cumainn tithíochta chun go mbunóidís modh sainchuspóireach earnála chun airgeadas fadtéarmach a chur ar fáil don earnáil. |
| Déanfaidh an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí nua foráil shonrach do roghanna na n-údarás áitiúil chun teorainn a chur leis an diúscairt ar chineálacha áirithe tithíochta sóisialta atá gann. |
| Dreasóidh an Rialtas nua na húdaráis áitiúla chun breis aonad folamh tithíochta sóisialta a thabhairt ar ais lena n-úsáid trí chistiú ón státchiste a nascadh le feidhmíocht níos fearr |

| |
|---|
| i mbainistiú eastát agus foilseoidh sé staitisticí rialta ar a bhfeidhmíocht. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Mar chuid de phróiseas an Phlean Gníomhaíochta Tithíochta, fiosróimid an rogha chun forbróirí a dhreasú le tithe a thógáil nó a ligean ar ais ar léas chuig údaráis agus gníomhaíochtaí tithíochta. Mar chuid den phróiseas céanna, déanfaidh an tAire Tithíochta nua athbhreithniú agus neartú ar na rialacháin a rialaíonn foirgnimh liostaithe atá tréigthe. |
| Déanfaimid athbhreithniú ar na córais chíosanna dhifreálacha dhíchosúla do thithíocht shóisialta atá ar fud na n-údarás áitiúil chun a chinntiú go mbeidh na tacaíochtaí tithíochta, an HAP san áireamh, cóir agus inbhuanaithe, chun tús áit a thabhairt dóibh sin atá ar na hioncaim is ísle agus fanacht amach ó thrapanna leasa shóisialta a stopann daoine ó fhilleadh ar obair nó filleadh ar an margadh príobháideach tithíochta. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Cinnteoimid go mbeidh riachtanais daoine faoi mhíchumas corpraithe sna beartais tithíochta go léir sa todhchaí. |
| Chuige sin, tabharfaidh an Rialtas nua isteach samhail nua de chíosú inacmhainne trí oibriú le cumainn tithíochta agus le húdaráis áitiúla chun rogha "cíosú ar chostas" a fhorbairt do theaghlaigh atá ar ioncam íseal, mar atá molta ag an NESC. Cuirfidh an tAire Tithíochta nua ceannasaíocht ar fáil, oibreoidh sé leis na páirtithe leasmhara ar fad, agus sa Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht leagfaidh sé amach treochlár chun an tsamhail cíosaithe ar chostas a chur i bhfeidhm. Leagfaidh an tAire amach plean faoin dóigh a n-ardóimid líon na n-aonad inacmhainne tithíochta ar cíos sna blianta atá amach romhainn. Coinneoidh an cíosú ar chostas na costais chíosa ag leibhéal inláimhsithe do thionóntaí agus beidh siad in ann aon ábhar iontais cíosa a sheachaint sa todhchaí. (Na Chéad 100 lá) |
| Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht, scrúdóimid an bealach ina bhféadfaí tiarnaí talún agus tionóntaí a dhreasú chun leasanna fadtéarmacha a aontú san earnáil phríobháideach. |
| Cuirfimid an clár caipitiúil in ord tosaíochta in athuair chun Ciste Tithíochta Bonneagair Áitiúil nua de €100 milliún a chur i bhfearas as a bhféadfaidh na húdaráis áitiúla tionscadail áitiúla a chur ar fáil chun an glas a bhaint de thalamh forbraíochta atá i gceantair ardéilimh. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Déanfaimid athbhreithniú ar na cumhachtaí CPO atá ar fáil ag údaráis áitiúla chun oscailt na talún atá i bhforbairtí tithíochta poiblí agus príobháideacha araon a oscailt suas. |
| Leathnóimid amach an Scéim Lacáiste Rannchuidithe Fhorlíontaigh saindírithe atá i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh chuig ceantair eile a bhfuil ganntanas tithíochta ag cur as dóibh chun forbairt láithreach a spreagadh. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Scrúdóimid na féidearthachtaí a bhaineann le ról nua agus nuálach a bheith ag údaráis áitiúla i soláthar tithíochta, trí bhealaí mar Chuideachtaí Bardasacha Tithíochta agus |

| |
|---|
| eagraíochtaí bainistíochta ar neamhchomaoin. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Tacóimid le cumainn tithíochta chun tithe atá á ndíol ag infheisteoirí a cheannach, i gcásanna ina bhféadfadh teaghlaigh a bheith gan dídean mar thoradh ar an díolachán agus seilbh ghlan. |
| Tabharfaidh an Rialtas nua cabhair chun cistiú a dhéanamh ar fhorbairtí tithíochta nach bhfuil críochnaithe, atá laghdaithe ó bheagnach 3,000 ceann in 2010 go dtí 668 gcinn faoi dheireadh 2015. Beimid ag iarraidh cistiú a dhéanamh ar Chiste Réitigh Banc eile de €10 milliún as cistiú caipitil méadaithe a bheidh ar fáil ó 2017. (Gníomhaíocht Bhliain 2) |
| Chun "cúileáil talún" a dhíspreagadh i measc forbróirí, déanfaimid monatóireacht agus tagarmharcáil ar an úsáid a bhaineann údaráis áitiúla as an "Tobhach Láithreán Folamh" a d'achtaigh an Rialtas deireanach, le teacht i bhfeidhm in 2018. |
| In aitheantas don chumas atá ag institiúidí tríú leibhéil chun breis cóiríochta a éascú nó a chur ar fáil do mhic léinn ar a gcuid réadmhaoine nó ina bpurláin, scrúdóidh an tAire Tithíochta nua bearta nua chun an soláthar de chóiríocht mac léinn a threisiú mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht. |
| Déanfaidh an Plean Gníomhaíochta um Thithíocht nua athneartú ar bhainistíocht fhorghníomhach talún chun méadú a chur ar an riar de thalamh a bheidh oiriúnach d'fhorbairt tithíochta sóisialta agus príobhháidí, i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla. |
| Sa leagan nua den Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht beidh cuid sonrach faoi 'easpa dídine a chosc' a rachaidh i gcomhairle agus a dhíreoidh ar bhearta nua mar:<br>• Seirbhísí Idirghabhála Teaghlaigh<br>• Seirbhísí agus saoráidí íoschéimneacha tar éis athshlánúchán drugaí<br>• Easpa dídine i measc daoine óga a chosc<br>• Seirbhísí d'íospartaigh a fuair drochúsáid sa bhaile<br>• Cláir struchtúrtha do dhaoine atá ag fágáil ospidéil, príosúin nó cúram stáit tar éis tréimhse fhada<br>• Seirbhísí meabhairshláinte pobail |
| Cuirfimid deireadh le húsáid cóiríochta éigeandála fadtéarmaí atá mí-oiriúnach, ar nós óstáin agus B&B, do theaghlaigh gan dídean, trí, mar chuid de, 500 aonad tithíochta mearsheachadta a chur ar fáil. Tá 22 aonad curtha ar fáil i mBaile Munna. Díreofar ar bhreis aonad a chríochnú i mBaile Átha Cliath in 2016. Beidh cead ag na húdaráis áitiúla go léir a scéimeanna féin a fhorbairt do thithe mearthógtha le haghaidh cóiríochta éigeandála más cuí. |
| Coinneoimid na teorainneacha cíosa atá ar fáil faoi Chlár Píolótach do Dhaoine Gan Dídean HAP go dtí 50% os cionn leibhéal an liúntais chíosa (Leanúnach) |

| |
|---|
| Feidhmeoimid straitéis a bheidh dírithe ar thithíocht chun deireadh a chur le heaspa dídine ainneonach fadtéarmach (Leanúnach) |
| Cuirfimid deireadh leis an ngá atá le bheith ag codladh amuigh trí leibhéal ard cistithe a chur ar fáil do sheirbhísí daoine gan dídean a thacaíonn le roghanna leapacha éigeandála agus cóiríochta. Faoi láthair tá buiséad de €70 milliún sa bhliain i gceist agus coinneoimid an tacaíocht airgeadas sin faoi athbhreithniú de réir mar a théann cás na ndaoine gan dídean chun cinn (Leanúnach) |
| Clár náisiúnta de láithreáin thréigthe a bhunú, de bhreis ar an tobhach láithreán folamh nua, chun láithreáin atá folamh agus ar bheagán úsáide a chur in úsáid fhóinteach do chúinsí tithíochta agus d'athghiniúint uirbeach (Gníomhaíocht Bhliain 2) |
| Tuilleadh cumhachtaí bainistíochta talún a thabhairt do na húdaráis áitiúla, ar a n-áirítear cumais bhreise CPO (Ordú Ceannaigh Éigeantaigh) (Gníomhaíocht Bhliain 2) |
| Athrangú agus dreasú a dhéanamh ar an úsáid atáthar ag baint as spás atá tearcúsáidte nó folamh os cionn áitribh bhunurláir i mbailte, d'úsáid chónaithe agus thráchtála araon (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Molfaimid leasú a dhéanamh ar an Acht um Láithreáin Thréigthe chun tabhairt faoin easpa úsáide agus faoin gcúileáil atá na hearnálacha Stáit, leathstáit agus príobháideacha a dhéanamh ar thalamh tréigthe. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Beimid ag moladh Scéim Athlonnaithe Tuaithe nua chun bolscaireacht a thabhairt do na buntáistí a bhaineann le maireachtáil faoin tuath agus chun maolú ar an mbrú atá i gceantair ardéilimh uirbeacha. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Beimid ag cur dlúis uirbeacha níos airde chun cinn i dtéarmaí deartha tithíochta, go háirithe i ndorchlaí iompair phoiblí, trí Chreat Náisiúnta Pleanála nua a chur in ionad na Straitéise Spásúlachta Náisiúnta, agus tá bailchríoch le cur leis sin sa chéad ráithe de 2017. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Déanfaimid coimisiúnú ar athbhreithniú "ó bhun go barr" ar an gcóras pleanála d'fhonn laghdú a chur ar éiginnteacht agus fad an phróisis phleanála. Áirithe ansin beidh athbhreithniú ar na hacmhainní agus na struchtúir a theastaíonn ón mBord Pleanála chun cloí lena chuspóir reachtúil go ndéanfaí cinneadh faoi achomhairc laistigh de 18 seachtaine. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Déanfaimid athbhreithniú náisiúnta ar chaighdeáin tógála tithíochta. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Déanfaimid coimisiúnú ar iniúchadh ar na sealúchais talún atá ag comhlachtaí Stáit agus údaráis áitiúla a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh tithíochta. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Gheobhaimid comhairle faoi leasuithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist do na treoirlínte Pleanála chun tacú le cóiríocht mac léinn a bheidh ar ardchaighdeán agus saintógtha ar |

| |
|---|
| champas nó gar don champas, mar aon le sráidbhailte lucht scoir do dhaoine scothaosta. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| Déanfaimid athbhreithniú ar an réimeas rialála reatha don earnáil phríobháideach cíosa chun a chinntiú go bhfuil cothromaíocht chuí déanta idir cearta agus leasanna na dtiarnaí talún agus na dtionóntaí. (Gníomhaíocht Bhliain 2) |
| Déanfaimid olldeisiú ar théarmaí na Scéime Ceannaigh ag Tionóntaí chun í a dhéanamh níos tarraingtí do thionóntaí tithíochta sóisialta agus chun cistí nua a dhéanamh d'fhorbairt tithíochta. (Gníomhaíocht Bhliain 1) |
| De bhreis air sin, tabharfaimid treoir do gach comhairle contae an briseadh síos ar an dóigh a mbailítear agus a gcaitear na rátaí tráchtála ar fad a fhoilsiú, ionas go mbeifear in ann comparáidí a dhéanamh idir na húdaráis áitiúla éagsúla. Tabharfaidh an fhoráil seo spreagadh d'údaráis áitiúla a bheith éifeachtach agus glacadh le beartais rátaí tráchtála a chuidíonn le gnóthaí reatha a chothú agus gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh. |
| Tá an Rialtas tiomanta d'athbhreithniú ar an gcás i dtaca leis an gcód pleanála sa chaoi a mbaineann sé le lucht bainte móna atá ag soláthar a dtithe. |
| Cuirfimid tacaíochtaí cistithe tiomnaithe ar bun i leith coinneáil tionóntachta do dhaoine a bhíonn ag athrú ó chóiríocht atá tacaithe ag HSE agus do chliaint i seirbhísí meabhairshláinte a bhíonn ina gcónaí i gcineálacha eile cóiríochta sa phobal. |
| Cinnteoimid go mbeidh riachtanais daoine faoi mhíchumas corpraithe sna beartais tithíochta go léir sa todhchaí. |
| Is tacaíochtaí ríthábhachtacha iad na deontais Oiriúnú Tí a chuirtear ar fáil d'údaráis áitiúla chun daoine a choinneáil ina gcuid tithe. Mhéadaigh Buiséad 2016 an scéim faoi 10% go €55 milliún, rud a fhágfaidh go mbainfidh 8,500 teaghlach leas as an scéim. Tacaímid le breis arduithe ar chistiú don scéim seo. |
| Déanfaimid infheistíocht shuntasach sa Scéim Oiriúnú Tí |
| Cuirfimid grúpa oibre speisialta ar bun chun iniúchadh a dhéanamh ar sheachadadh agus cur i bhfeidhm reatha phleananna na n-údarás áitiúil faoi chóiríocht do Thaistealaithe agus le dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoi na húdair is mó imní atá ann. Ba chóir don ghrúpa plean a réiteach faoi chóiríocht shábháilte agus oiriúnach go cultúrtha a chur ar fáil. |
| Comhoibreoimid le húdaráis áitiúla chomh maith, chun lorg carbóin tithíochta sóisialta a fheabhsú, ina n-áirítear córais breoslaí eile amhail gás nádúrtha nó sliseanna adhmaid a chur in ionad córais teasa ola más féidir. |
| Tar éis na dtuilte gan fasach i mí na Nollag 2015, déanfaimid athbhreithniú ar phrótacail freagartha an Stáit chun iniúchadh a dhéanamh i dtaobh cibé an féidir freagairt níos |

| |
|---|
| tapúla agus níos comhordaithe a bhaint amach d'eachtraí áitiúla. |
| Déanfaidh Aire Tithíochta nua tiomnaithe dlús a chur faoi sheachadadh na Straitéise Tithíochta Sóisialta €3.8 billiún agus an soláthar tithíochta príobháidí a ardú. |
| Déanfaidh an Rialtas nua réimse beart a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar an líon teaghlach a bheidh gan dídean, ina gcuirfear deireadh le cóiríocht éigeandála fhadtéarmach nach bhfuil oiriúnach do theaghlaigh gan dídean, amhail óstáin agus árais bhricfeasta agus leapa, trí aonaid tithíochta a chur ar fáil go tapa (féach an Chaibidil Tithíochta le haghaidh sonraí breise). |
| I gcomhar leis an Oireachtas, déanfaimid iniúchadh ar dhreasachtaí nua chun foirgnimh thréigthe agus thearcúsáidte i gceantair uirbeacha a athnuachan. |
| Féachfaimid le maoiniú stáit a leathnú, ar an mbonn céanna ina ndéantar páirtithe polaitíochta a mhaoiniú, chuig na grúpaí polaitiúla a sheas le clár oibre comónta san olltoghchán. |
| Creidimid go bhfuil coimisiún toghcháin neamhspleách de dhíth ar Éirinn, mar ábhar tosaíochta. Ba chóir go ndéanfadh an coimisiún nua iniúchadh ar an bpróiseas cláraithe vótála agus go mór mhór ar mar a d'fhéadfaí an córas PPS a úsáid chun daoine a chur ar an gclár toghthóirí a luaithe a bheidh aois vótála slánaithe acu. Ba choir go ndéanfadh an coimisiún iniúchadh ar bhealaí chun rannpháirtíocht inár bpróiseas polaitíochta a ardú trí oideachas vótála agus rátaí vótála. |
| Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an coimisiún:<br>• Glacadh le ról Cláraitheora ar na páirtithe polaitíochta<br>• Maoiniú polaitíochta agus caiteachas toghcháin a rialú<br>• Maoirseacht a dhéanamh ar an gCoimisiún Reifrinn, a bheadh mar fhoroinn de chuid an choimisiúin<br>Bheadh an Coimisiún Toghcháin nuabhunaithe neamhspleách ar an Rialtas agus freagrach go díreach don Oireachtas. |
| Mar chuid den chéad rabharta eile ar leasú rialtais áitiúil, déanfaidh an tAire iomchuí, tar éis comhairliúchán forleathan leis na páirtithe leasmhara ar fad, tuarascáil a ullmhú don Rialtas agus don Oireachtas faoi lár na bliana 2017, ar bhearta a d'fhéadfaí a chur i gcrích chun ceannaireacht agus freagracht rialtais áitiúil a spreagadh. |
| Déanfaimid breithniú i leith:<br>• Méaraí i gcathracha a thoghtar go díreach<br>• Dílárú cumhachtaí nua chuig na húdaráis áitiúla<br>• Méid na gceantar toghcháin áitiúil a laghdú |

| |
|---|
| • Comhairlí baile agus bardais a bhunú faoi réir maoiniú agus pobalbhreith áitiúil |
| Déanfar athbhreithniú, ina n-áireofar comhairliúchán le AILG agus LAMA, i leith na dtacaíochtaí a chuirtear ar fáil do chomhairleoirí chun cur ar a gcumas a gcuid oibre tábhachtaí a dhéanamh. |

**tithiocht.gov.ie**

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland